Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11722/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0265(COD)**

**TRANS 306**
**CLIMA 356**
**ENV 853**
**COMPET 762**
**CODEC 1374**
**IA 188**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 445 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 445 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 445 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.7.2023
COM(2023) 445 final

2023/0265 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d’fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal**

{SEC(2023) 445 final} - {SWD(2023) 445 final} - {SWD(2023) 446 final} - {SWD(2023) 447 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Gabhann an meabhrán míniúcháin seo leis an togra le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal[1] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí' anseo feasta)

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá an earnáil iompair ar bhóthar ríthábhachtach chun tráchtáil agus soghluaisteacht a éascú, chun gnólachtaí agus custaiméirí a nascadh le chéile ar fud an Aontais agus chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn. Trí na modhanna chun earraí a iompar a sholáthar, tacaíonn sé le go leor tionscail, lena n-áirítear monaraíocht, tógáil agus miondíol. Tá sé ríthábhachtach freisin le haghaidh freagairt éigeandála. Tá sé léirithe ag an earnáil go bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le dáileadh soláthairtí fíor-riachtanacha a chinntiú agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil chomh maith le soghluaisteacht phearsanta a áirithiú i gcásanna éigeandála, mar shampla, paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Tá ról lárnach ag iompar ar bhóthar sa chóras iompair lastais, agus tá níos mó ná trí cheathrú (77.4 %) de na hearraí a iompraítear de thalamh laistigh den Aontas[2]. Is foinse é, áfach, de roinnt éifeachtaí socheacnamaíocha agus comhshaoil, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), truailliú aeir agus torainn, brú tráchta, rioscaí don tsábháilteacht ar bhóithre, agus caitheamh agus cuimilt an bhonneagair bóithre. Is iad feithiclí tromshaothair (HDVanna), mar shampla, trucailí agus busanna, is cúis le 28 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar de bhóthar (6 % d'astaíochtaí foriomlána an Aontais) agus is príomhfhoinse astaíochtaí ocsaídí nítrigine iad (is ionann iad agus 34 % d'astaíochtaí ocsaídí nítrigine iompair de bhóthar in 2020). Is foinse de thruailleáin aeir eile ar nós ábhar cáithníneach iad freisin[3].

Leagtar amach i dTreoir 96/53/CE meáchain údaraithe uasta agus toisí uasta d'fheithiclí tromshaothair a bhogann ar bhóithre an Aontais agus a iompraíonn earraí nó paisinéirí. Ceapadh é ar dtús chun saorghluaiseacht earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú sa mhargadh aonair, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus damáiste don bhonneagar bóithre a chosc. Bhí na cuspóirí bunaidh sin le baint amach trína áirithiú nach sáródh HDVanna na teorainneacha a d'fhéadfadh sábháilteacht ar bhóithre nó bonneagar bóthair a chur i mbaol, gur féidir le feithiclí tromshaothair comhlíontacha gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas, agus gur féidir le hoibreoirí iompair ar bhóthar dul san iomaíocht ar bhonn cothrom ó thaobh pá-lasta a gcuid feithiclí de. Leis na leasuithe is déanaí ina dhiaidh sin ar an Treoir, a glacadh in 2015 agus 2019[4], tugadh gnéithe comhshaoil don Treoir agus é mar aidhm leo ídiú

---

1 IO L 235, 17.9.1996, lch. 59.

2 [Leabhar póca staitisticí 2022 (europa.eu)]

3 [Breathnóir sonraí náisiúnta maidir le hastaíochtaí truailleán aeir 2005-2020.]

4 Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 115, 6.5.2015, lch. 1), Cinneadh (AE) 2019/894 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an

fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chomh maith le hiompar idirmhódúil a chur chun cinn, trína n-aistrítear earraí in aonaid lastais chaighdeánaithe (mar shampla, coimeádáin) trí mhodhanna éagsúla iompair. Rinneadh é sin trí rialacha a thabhairt isteach chun meáchain níos airde agus/nó toisí níos airde a cheadú d'fheithiclí fuinneamhéifeachtúla agus d'fheithiclí nach bhfuil chomh truaillitheach céanna, chun glacadh gléasraí cumhachta breosla mhalartaigh (lena n-áirítear astaíochtaí nialasacha) a spreagadh, aeraidinimic feithiclí a fheabhsú agus idir-inoibritheacht le modhanna eile iompair a áirithiú.

Léiríodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an Treoir in 2022, cé go bhfuil an Treoir éifeachtach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, maidir leis an mbonneagar bóthair a chosaint agus maidir le húsáid feithiclí bóthair a éascú in iompar idirmhódúil coimeádánaithe, nach leor í ó thaobh cothrom na bhFéinne agus ó thaobh gnéithe dícharbonúcháin de.

Na fadhbanna a bhaineann le hilroinnt na margaí le haghaidh feithiclí níos faide agus níos troime agus forfheidhmiú neamhéifeachtach agus neamhréireach, eascraíonn siad as easnaimh sa Treoir den chuid is mó. Mar thoradh ar rialacha doiléire agus rialacha atá in easnamh sa Treoir, tá meascán rialacha agus ceanglas náisiúnta, léirmhínithe éagsúla agus cleachtais rialaithe éagsúla ann. Cuireann siad sin bac ar shaorghluaiseacht HDVanna laistigh den Aontas, déanann siad an iomaíocht a shaobhadh agus cailltear éifeachtúlacht oibríochtúil agus fuinnimh dá mbarr. Is iad sin na príomhchúiseanna le tearcfheidhmíocht na Treorach i ndáil lena cuspóirí saorghluaiseacht éifeachtúil earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú.

Maidir le gnéithe dícharbonúcháin, tá glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha sa fhlít HDVanna an-teoranta faoi láthair. Is innill breosla iontaise den chuid is mó atá i bhflít trucaile an Aontais (os cionn 3.5 tona) fós, agus is 96.3 % de na trucailí go léir san Aontas a oibrítear ar dhíosal, agus gan ach 0.7 % de na trucailí go léir ag gluaiseacht ar innill dócháin inmheánaigh bhreoslaigh mhalartaigh (gás nádúrtha agus GPL). Tá sciar na dtrucailí is féidir a luchtú go leictreonach, lena n-áirítear feithiclí leictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe, chomh híseal le 0.2 %. Tháinig méadú ar chlárú bliantúil trucailí astaíochtaí nialasacha ó 0.6 % in 2016 go 7 % in 2020. Tá sé ag dul sa treo ceart, ach níl sé tapa go leor chun rannchuidiú go fóinteach le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[5] a bhaint amach, is é sin laghdú 90 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar faoi 2050.

Tá na creatchláir Eorpacha um Thaighde agus Nuálaíocht ag tacú le HDVanna astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, le gnéithe aeraidinimiciúla agus le dúshláin éifeachtúlachta fuinnimh le comhpháirtíochtaí sonracha ó 2007 i leith leis an Tionscnamh Eorpach um Charranna Glasa faoin FP7, leis an Tionscnamh Eorpach um Fheithiclí Glasa faoi Fhís 2020 agus faoi láthair le I dtreo iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí faoin gclár Fís Eorpach. Chuir tionscadail shonracha roinnt de na nuálaíochtaí ar fáil, mar shampla, leantóirí astaíochtaí nialasacha cumhachtaithe agus aeraidinimic fheabhsaithe[6].

---

teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta do chábáin lena soláthraítear feidhmíocht aeraidinimiciúil fheabhsaithe, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta (IO L 164, 20.6.2019, lch. 30) agus Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

5 COM(2019) 640 final.

6 AEROFLEX (https://cordis.europa.eu/project/id/769658), agus TRANSFORMERS (https://cordis.europa.eu/project/id/605170).

Tá an iliomad bunchúiseanna ag baint le glacadh íseal HDVanna astaíochtaí nialasacha agus réiteach coigilte fuinnimh, agus tá rannchuidiú teoranta ag an Treoir de bharr an méid atá in easnamh inti. Ní sholáthraítear leis an Treoir dreasachtaí leordhóthanacha don earnáil chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh, mar shampla, lamháltas riachtanach le haghaidh meáchan nó toisí chun meáchan agus/nó méid na teicneolaíochta ábhartha a chúiteamh agus chun an pá-lasta céanna ar a laghad a áirithiú le gnáthfheithiclí tromshaothair a oibrítear ar bhreoslaí iontaise.

Tá sé beartaithe leis an togra seo dul i ngleic le trí fhadhb a sainaithníodh: (i) glacadh íseal HDVanna astaíochtaí nialasacha; (ii) ilroinnt an mhargaidh d'fheithiclí níos faide agus níos troime; agus (iii) forfheidhmiú neamhéifeachtach neamhréireach. Is iad na príomhchuspóirí atá aige bacainní a bhaint agus dreasachtaí níos láidre a chur ar fáil do ghlacadh teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus gairis coigilte fuinnimh san earnáil HDVanna, oibríochtaí idirmhódúla a éascú a thuilleadh, na rialacha maidir le húsáid feithiclí níos faide agus/nó níos troime a shoiléiriú in oibríochtaí trasteorann, agus forfheidhmiú a dhéanamh éifeachtach éifeachtúil.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste - iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí[7], sainaithníodh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí mar cheann de na príomhbhearta lenar féidir éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a spreagadh go héifeachtach agus comhar módach a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé sin cabhrú chun an t-aistriú chuig córas iompair saor ó thruailliú san Aontas a chur chun cinn agus nuálaíocht san earnáil a chur chun cinn.

Is píosa tábhachtach é an togra seo sna bearta is gá maidir le hiompar de bhóthar a ghlasú. Chun go mbeidh sé éifeachtach ó thaobh borradh a chur faoi úsáid HDVanna astaíochtaí nialasacha, ní mór dó dul i gcomhar le feidhmiú céimneach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe[8], caighdeáin CO2 astaíochtaí nialasacha níos déine le haghaidh HDVanna[9], cur chun feidhme scéimeanna muirearaithe bóithre bunaithe ar fheidhmíocht astaíochtaí CO2 HDVanna agus iompar de bhóthar a áireamh i gcórais trádála astaíochtaí. Tá éifeachtacht na Treorach maidir le hiompar lasta idirmhódúil a chur chun cinn ag brath cuid mhór ar infhaighteacht agus ar acmhainn modhanna eile iompair. Dá bhrí sin, ní mór an Treoir seo a chomhlánú le tionscnaimh reachtacha mhódúla agus thrasmhódúla eile arna nglacadh le chéile mar chuid den phacáiste maidir le glasú lasta, go háirithe na bearta chun an trácht idirnáisiúnta iarnróid a bhainistiú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr agus an tionscnamh maidir le modheolaíocht chomhchoiteann do chuideachtaí chun a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh. Leis an athbhreithniú atá beartaithe ar Threoir 92/106/CEE ón gComhairle[10] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte' anseo feasta), neartófar freisin éifeachtaí an togra seo maidir le fás an iompair idirmhódúil a chur chun cinn.

[7] COM(2020)789 final.
[8] COM(2021) 559 final.
[9] COM (2023) 88 final.
[10] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchan agus Toisí comhsheasmhach le tionscnaimh reachtacha eile arb é is aidhm dóibh astaíochtaí ón iompar a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil oibríochtaí trasteorann a fheabhsú agus comhar idirmhódúil a chur chun cinn. Go háirithe, soláthraítear leis sineirgí le trí thionscnamh eile de chuid an Choimisiúin:

(a) an togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir 92/106/CEE ón gComhairle[11] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte' anseo feasta), arb é is aidhm dó glacadh le hiompar idirmhódúil a dhreasú;

(b) an togra le haghaidh rialachán le haghaidh creat comhchuibhithe le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair lastais agus paisinéirí (ar a dtugtar tionscnamh 'CountEmissionsEU'), arb é is aidhm dó modheolaíocht chomhchuibhithe a bhunú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhoras go doras ó oibríochtaí iompair a thomhas, rud a d'fhéadfadh cuideachtaí iompair a úsáid chun faireachán agus tagarmharcáil a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí iompair;

(c) an togra le haghaidh rialachán maidir le pleanáil agus bainistiú acmhainn iarnróid arb é is aidhm dó iontaofacht, poncúlacht agus infhaighteacht seirbhísí iarnróid a fheabhsú trí úsáid an bhonneagair iarnróid a bharrfheabhsú agus a gcomhtháthú ilmhódach a fheabhsú.

Cé go gcumhdaítear leis na tionscnaimh sin gnéithe módacha agus trasmhódúla éagsúla den chreat rialála d'iompar de thalamh, comhlánaíonn siad a chéile chun córas iompair de thalamh atá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil.

Ina theannta sin, le Treoir 1999/62/CE (an Treoir Eoraifínéid)[12], trí aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le costais sheachtracha iompair de bhóthar a inmheánú agus na prionsabail 'íoc mar a thruaillítear' agus 'íoc mar a úsáidtear' a chur i bhfeidhm, neartófar tuilleadh na dreasachtaí a sholáthraítear leis an Treoir maidir le Meáchan agus Toisí chun borradh a chur faoi ghlacadh HDVanna astaíochtaí nialasacha agus chun úsáid leantóirí agus leathleantóirí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a spreagadh, mar aon le hiompar de bhóthar a áireamh i dtrádáil astaíochtaí[13].

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013[14]. Tá sé d'aidhm aige, i measc nithe eile, an gréasán bóithre a nuachóiriú trí chaighdeáin cháilíochta a fheabhsú, lena n-áirítear sásraí meáite atá tógtha isteach sa bhonneagar bóithre a chur in úsáid. Tá gá leo sin chun rialú níos fearr a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-uasteorann meáchan údaraithe a leagtar síos sa Treoir maidir le Meáchain agus Toisí.

I gcomhthéacs saintréithe feithicle tromshaothair lasta de bhóthar a mheaitseáil le staid agus acmhainn an bhonneagair bóthair, tá rialacha an togra le haghaidh treorach ó Pharlaimint na

[11] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

[12] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

[13] COM/2021/551 final

[14] COM/2021/812 final

hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a chur in úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus maidir le comhéadain le modhanna eile iompair[15] maidir le formáid agus inrochtaineacht sonraí faoi mheáchan, faoi fhad, faoi leithead agus faoi shrianta airde ábhartha freisin don tionscnamh seo agus comhleanúnach leis an tionscnamh seo.

Thairis sin, is é is aidhm do Threoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (an Treoir maidir le Forfheidhmiú Trasteorann)[16] sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cóir chomhionann a áirithiú do thiománaithe, is iad sin ciontóirí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha. I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún togra reachtach[17] chun an Treoir maidir le Forfheidhmiú Trasteorann a leasú, lena leathnaítear a raon feidhme chuig cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Tá ‘feithicil ró-ualaithe a úsáid’ ar cheann acu. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an sásra dá bhforáiltear leis an Treoir a úsáid chun ciontóirí a shainaithint agus chun é a dhéanamh níos éasca iad a ionchúiseamh as rialacha na Treorach maidir le Meáchan agus Toisí a shárú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I dtéarmaí níos leithne, luíonn an togra seo le spriocanna uileghabhálacha aistriú glas agus digiteach gheilleagar an Aontais, agus go háirithe leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach, toisc go n-éascaíonn sé glacadh HDVanna astaíochtaí nialasacha [18]. Tá sé comhsheasmhach agus rannchuidíonn sé leis an sprioc fhadtéarmach aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[19], chomh maith le gealltanas an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % faoi 2030 i gcomparáid le 1990, mar a leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach[20]. Thairis sin, tá an t-athbhreithniú atá beartaithe comhsheasmhach leis an bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’[21], lena n-áirítear iarrachtaí chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus bonneagair a chur in úsáid le haghaidh breoslaí malartacha a mhéadú. Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, freagraíonn an togra do Phlean REPowerEU 2022[22], arb é is príomhchuspóir dó spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú tar éis chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus dlús a chur leis an aistriú glas, lena n-áirítear i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha mar a léirítear sa togra.

Tá sineirgí soiléire ann freisin idir an tionscnamh seo agus Rialachán (AE) 2019/1242, lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d’fheithiclí tromshaothair[23]. Leagtar síos leis ceanglais ar mhonaróirí feithiclí maidir le HDVanna atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de agus HDVanna astaíochtaí nialasacha. Leis an togra le haghaidh

15 COM/2021/813 final
16 IO L 68, 13.3.2015, lch. 9.
17 COM (2023)126.
18 COM(2021) 400 final
19 COM(2019) 640 final
20 COM/2020/80 final
21 COM(2021) 550 final
22 COM(2022) 230 final
23 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d’fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) Uimh. 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

athbhreithniú ar an Rialachán, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 14 Feabhra 2023[24], leathnaítear an raon feidhme chuig beagnach gach HDV nuachláraithe a bhfuil astaíochtaí CO2 deimhnithe acu agus leagtar síos spriocanna nua maidir le hastaíochtaí CO2 ó 2030 ar aghaidh. Chun na spriocanna a bhaint amach go héifeachtach agus na cuspóirí maidir le glasú a bhaint amach chomh tapa agus is féidir, ní mór na caighdeáin CO2 d'fheithiclí tromshaothair a chomhlánú trí bhearta cumasúcháin a dhíríonn ar thaobh an éilimh, go háirithe an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchain agus le Toisí. Cuirfidh sé sin na dreasachtaí cearta i bhfeidhm d'oibreoirí iompair chun infheistíocht a dhéanamh in HDVanna níos glaine.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an treoir leasaitheach atá beartaithe. Is spriocanna bunriachtanacha de chuid an chomhbheartais iompair iad feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair de bhóthar, agus sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú ag an am céanna.

De réir Airteagal 91(1), tá sé d'údarás ag an Aontas comhrialacha a bhunú a bheidh infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta idir na Ballstáit nó a bheidh ag gabháil trí chríoch Ballstáit amháin nó níos mó.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá inniúlacht ag an Aontas cheana teorainneacha a leagan amach ar thoisí agus ar mheáchain HDVanna a úsáidtear in oibríochtaí trasteorann de bhua ghlacadh na Treorach maidir le Meáchan agus Toisí. An tráth céanna, ceadaítear leis an Treoir do na Ballstáit cead a thabhairt d'fheithiclí níos mó agus/nó feithiclí níos troime taisteal ar a gcríocha féin bunaithe ar a riachtanais shonracha agus ar a gcúinsí sonracha.

D'ainneoin iarrachtaí na Treorach caighdeáin theicniúla a chomhchuibhiú, tá easnaimh ann as a n-eascraíonn léirmhínithe éagsúla agus forfheidhmiú neamhréireach ag na Ballstáit. Is é an toradh atá air sin ná meascán ilroinnte de cheanglais náisiúnta, rud a chuireann bac ar an sprioc Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chruthú. Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun deireadh a chur leis na bacainní sin agus chun oibríochtaí iompair éifeachtúla, cothroma agus inbhuanaithe a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach.

Ina theannta sin, ní dhearna an Treoir glacadh breoslaí malartacha, teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh, agus iompar idirmhódúil a chur chun cinn go héifeachtach. I bhfianaise an ghá atá le dícharbónú agus le forbairtí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun úsáid HDVanna astaíochtaí nialasacha a dhreasú agus a luathú, chun nuálaíocht a chur chun cinn, chun comhoiriúnacht le modhanna eile iompair a fheabhsú, agus chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le glasú.

Ní chuireann an t-athbhreithniú ar an Treoir srian ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar chúinsí áitiúla agus ar oibríochtaí náisiúnta. Léiríodh i gcomhairliúchán poiblí go raibh tacaíocht láidir ann do ghníomhaíocht an Aontais chun borradh a chur faoin gcomhar trasteorann, chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun feidhmíocht chomhshaoil na hearnála iompair a fheabhsú.

[24] COM(2023) 88 final.

Aithnítear sa mheastóireacht ar an Treoir an breisluach a bhaineann léi ó thaobh caighdeáin an Aontais a bhunú maidir le meáchain agus toisí HDVanna in oibríochtaí trasteorann. Mar sin féin, sainaithnítear easnaimh ann freisin, mar shampla, bealaí éalaithe dlíthiúla agus caighdeáin atá as dáta a chuireann bac ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus ar iarrachtaí dícharbónaithe. Gan gníomhaíocht chomhordaithe ón Aontas, bheadh ar na Ballstáit gníomhú ina n-aonar, rud a d'fhágfadh ilroinnt an mhargaidh, saobhadh iomaíochta agus cleachtais idirdhealaitheacha. Ina theannta sin, ní leor tionscnaimh náisiúnta amháin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ar fud an Aontais agus chun spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach.

Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht an Aontais ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go héifeachtach, chun feidhmiú comhchuibhithe an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chun feidhmíocht chomhshaoil a chur chun cinn, agus chun cobhsaíocht a chur ar fáil don phleanáil fhadtéarmach a dhéanann oibreoirí iompair de bhóthar agus monaróirí HDVanna.

- **Comhréireacht**

Tá an chothromaíocht cheart sa togra idir cuspóirí inmhianaithe an chomhchuibhiúcháin, an dícharbonúcháin agus an fhorfheidhmiúcháin a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus a áirithiú ag an am céanna nach dtéann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil gá leo chun na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach nó chun an cuspóir beartais a bhaint amach.

Cuidíonn an togra le héifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil oibríochtaí iompair trasteorann a fheabhsú agus forfheidhmiú a neartú go héifeachtach. Ní chuireann sé costais shuntasacha ar oibreoirí agus ní bhaineann sé ach le roinnt costais infheistíochta tosaigh do na Ballstáit. Leis an mbealach forchéimnitheach éifeachtúil sin i dtreo na cuspóirí a bhaint amach, beifear in ann aistriú 'glas' rianúil a dhéanamh d'údaráis agus d'oibreoirí.

Tá an chothromaíocht cheart ann idir íoschaighdeáin a bhunú ar leibhéal an Aontais chun na rialacha is infheidhme a dhícharbónú agus a fhorfheidhmiú agus solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit réitigh níos uaillmhianaí a leagan síos, go háirithe a mhéid a bhaineann le huirlisí forfheidhmithe.

Tá comhréireacht an togra bunaithe ar mheasúnú cúramach ar na roghanna beartais uile a ndearnadh anailís orthu faoin measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo (féach ranna 7.4 agus 8.1 den tuarascáil ar an measúnú tionchair chun tuilleadh sonraí a fháil)[25].

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go bhfuil roinnt leasuithe sa togra ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí, ba cheart, dá bhrí sin, gur Treoir a bheadh san ionstraim dlí a bheidh ann amach anseo. Leis sin, ceadaítear comhchuibhiú spriocdhírithe chomh maith le leibhéal áirithe solúbthachta do na Ballstáit chun gnéithe sonracha náisiúnta a chur san áireamh.

Ós rud é go gcoinníonn an Treoir leasaithe a struchtúr, agus nach ndéantar difear dá substaint, ní gá athmhúnlú a dhéanamh.

---

[25] Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal, SWD (2023) 445.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2022, sheol an Coimisiún meastóireacht *ex-post* chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Treorach maidir le Meáchain agus Toisí bunaithe ar a héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE. Rinneadh an mheastóireacht go comhthreomhar leis an measúnú tionchair le haghaidh athbhreithniú na Treorach. Lean sé prionsabail an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr[26].

Scrúdaíodh sa mheastóireacht na héifeachtaí a bhí ag an Treoir maidir le saorghluaiseacht earraí a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, gás ceaptha teasa a laghdú agus rioscaí sábháilteachta ar bhóithre a mhaolú. Rinne sé measúnú freisin ar na rialacha a d'oibrigh go maith agus nár oibrigh go maith, agus cén fáth. Cumhdaíodh leis an tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 1997 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Ba iad seo a leanas príomhthorthaí na meastóireachta:

(1) tá meascán de mhaoluithe náisiúnta agus de mhaoluithe déthaobhacha, mar aon le ceanglais riaracháin, theicniúla agus sábháilteachta lena rialaítear oibríochtaí ag feithiclí níos troime agus/nó feithiclí níos faide tagtha chun cinn, d'ainneoin an comhchuibhiú rialála níos fearr a bhí beartaithe ag an Treoir a bhaint amach;

(2) níl torthaí fónta fós ar úsáid HDVanna a úsáideann breoslaí malartacha agus aeraidinimic fheabhsaithe chun éifeachtúlacht fuinnimh oibríochtaí iompair de bhóthar a mhéadú agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

(3) tá éagsúlacht shuntasach ann idir na Ballstáit maidir le forfheidhmiú na rialacha ó thaobh líon na rialuithe de, éifeachtacht na sáruithe a bhrath, éifeachtacht na n-uirlisí rialaithe agus éifeachtacht na gcleachtas;

(4) measadh gurbh iad srianta ar iompar trasteorann feithiclí níos troime agus/nó feithiclí níos faide príomhfhoinse na neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla agus fuinnimh, rud a d'fhág go raibh ualaí riaracháin neamhriachtanacha agus costais ar oibreoirí iompair de bhóthar;

(5) tá neamhréireachtaí inmheánacha áirithe i rialacha na Treorach maidir le Meáchain agus Toisí, arb é is cúis go príomha leis an Treoir go ndéantar iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí éagsúla arna saothrú agus difríochtaí idir na Ballstáit maidir le caighdeáin bhonneagair agus dálaí oibríochtúla á n-aithint ag an am céanna;

(6) aithníodh breisluach AE nuair a formheasadh an Treoir, agus tá na húdair atá leis an mbreisluach sin fós áititheach mar gur thug an Treoir cothrom iomaíochta do ghnólachtaí iompair de bhóthar;

(7) tá cuspóirí na Treorach ábhartha fós. Maidir leis na spriocanna feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht oibríochtúil oibríochtaí iompair, iompar idirmhódúil a éascú agus iomaíocht chóir a áirithiú agus sábháilteacht ar bhóithre agus cosaint bonneagair a chosaint ag an am céanna, leanann siad de bheith ag léiriú na riachtanas atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus ag luí go maith

[26] SWD(2021) 305 final Rialáil níos fearr (europa.eu)

leis an gcuspóir beartais córas iompair atá cothrom, sábháilte, inbhuanaithe agus athléimneach a fhorbairt san Aontas.

Is é príomhchonclúid na meastóireachta nach raibh rath ar an Treoir ach i bpáirt maidir lena cuspóirí a bhaint amach, is iad sin an margadh inmheánach a neartú, éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht oibríochtúil oibríochtaí iompair de bhóthar a fheabhsú, rannchuidiú le sábháilteacht ar bhóithre agus le bonneagar bóithre a chosaint. Ar thaobh amháin, leis na comhchaighdeáin theicniúla le haghaidh HDVanna, bhíothas in ann oibríochtaí trasteorann níos éifeachtaí, níos sábháilte agus níos cothroime a dhéanamh laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais. Ar an taobh eile, mar thoradh ar líon ard na maoluithe agus na gceanglas náisiúnta arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir, tá ilroinnt ar chodanna áirithe den mhargadh agus neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla ann. Cé gur chuidigh an Treoir le sciar an iompair idirmhódúil choimeádánaithe a mhéadú agus feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh agus feidhmíocht oibríochtúil oibríochtaí sna Ballstáit lena gceadaítear d’fheithiclí níos faide agus níos troime, bhí a rannchuidiú foriomlán le héifeachtúlacht fuinnimh oibríochtaí iompair lastais san Aontas, lena n-áirítear trí ghlacadh le gairis aeraidinimiciúla agus gléasraí cumhachta breosla mhalartaigh (lena n-áirítear gléasraí astaíochtaí nialasacha), an-teoranta. Meastar go bhfuil an Treoir éifeachtach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus maidir le caitheamh agus cuimilt an bhonneagair a laghdú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara in 2022 agus 2023 le linn na meastóireachta *ex-post* agus an mheasúnaithe tionchair, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr. Baineadh leas as modhanna comhairliúcháin oscailte agus spriocdhírithe agus as uirlisí éagsúla comhairliúcháin lena linn.

Ba é aidhm na ngníomhaíochtaí sin:

(1) faisnéis agus tuairimí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir leis na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach, na príomhfhadhbanna agus na cúiseanna leo chomh maith leis na hathruithe inmhianaithe ar an gcreat rialála;

(2) ionchur speisialaithe (sonraí agus faisnéis, tuairimí saineolaithe) a bhailiú maidir le gnéithe sonracha den chreat rialála;

(3) faisnéis agus tuairimí a bhailiú maidir leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag bearta beartais éagsúla.

Rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin seo a leanas in 2022:

- comhairliúchán maidir leis an nglao ar fhianaise — ó Eanáir go Feabhra 2022;
- comhairliúchán poiblí oscailte — ó Aibreán go Iúil 2022;
- suirbhé a dhírigh ar ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla — ó Mheán Fómhair go Deireadh Fómhair 2022;
- dhá cheardlann — ceann amháin dírithe ar pháirtithe leasmhara tionscail, ceann eile ar Bhallstáit i mí na Nollag 2022.

Ina theannta sin, tionóladh roinnt cruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha le páirtithe leasmhara éagsúla (ó earnálacha an iompair de bhóthar, an iarnróid agus an iompair chomhcheangailte, monaróirí trucailí, comhlachais ghnó, údaráis bonneagair bóithre, agus

údaráis náisiúnta), agus fuarthas roinnt páipéar seasaimh agus rinneadh anailís orthu i rith 2022 agus sa chéad ráithe de 2023.

I measc na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo bhí: údaráis bonneagair bóithre, gnólachtaí iompair de bhóthar, comhlachais ghnó, seoladóirí, seoltóirí, údaráis náisiúnta na mBallstát, monaróirí HDVanna agus monaróirí buntrealaimh, geallsealbhóirí ábhartha eile (ón tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith leis an lucht acadúil), agus an pobal.

Lean na príomhthéamaí a scrúdaíodh sa chéad trí ghníomhaíocht comhairliúcháin le páirtithe leasmhara na gnéithe éagsúla den mhaitrís mheastóireachta den chuid is mó, is é sin éifeachtacht maidir leis na cuspóirí, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE a bhaint amach.

Téama coiteann san aiseolas a tugadh ar an nglao ar fhianaise ba ea an easpa rialacha aonfhoirmeacha de chuid an Aontais maidir le hiompar trasteorann idir na Ballstáit lena gceadaítear feithiclí níos faide agus níos troime faoin Treoir reatha maidir le Meáchan agus Toisí. Sa chomhairliúchán poiblí oscailte, shainaithin freagróirí freisin gur theip ar an Treoir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar éifeachtúlacht fuinnimh an iompair de bhóthar. Ar an iomlán, dheimhnigh na páirtithe leasmhara na fadhbanna a sainaithníodh ar dtús agus an ghné Eorpach a bhaineann leo, agus thacaigh siad tríd is tríd le cuspóirí dícharbonúcháin, comhchuibhiúcháin agus forfheidhmiúcháin an athbhreithnithe. Moladh réitigh fhéideartha ar na fadhbanna a sainaithníodh sna comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara freisin.

Thacaigh na páirtithe leasmhara den chuid is mó leis na bearta dícharbonúcháin, mar shampla, meáchain uasta agus toisí HDVanna a ardú chun méid agus meáchan na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a chúiteamh, chomh maith le hiompar trasteorann a cheadú trí fheithiclí níos troime agus/nó trí fheithiclí níos faide idir na Ballstáit chomharsanachta a cheadaíonn na caighdeáin chéanna meáchan nó toisí ar a gcríocha. An tráth céanna, mar gheall ar imní maidir leis na héifeachtaí ar bhonneagar bóithre agus athrú féideartha ar chúlathrú módach ón iarnród go dtí an bóthar, chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara iarnróid/idirmhódúla in iúl go raibh drogall orthu oibríochtaí fadraoin trasteorann a údarú d’fheithiclí níos troime agus/nó d’fheithiclí níos faide. Na dreasachtaí breise glasaithe, mar shampla, an t-uasmheáchan le haghaidh HDVanna astaíochtaí nialasacha a mhéadú beag beann ar mheáchan na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha agus leantóirí agus leathleantóirí a chur san áireamh mar aonaid iompair idirmhódúil, ghlac gach grúpa páirtithe leasmhara go maith leo.

D’iarr na húdaráis agus an tionscal freisin go ndéanfaí comhchuibhiú ar fhad lastáilte iompróra feithiclí agus go leagfaí síos leibhéal íosta iniúchtaí ar HDVanna a ró-ualaíodh. Thacaigh na páirtithe leasmhara go láidir freisin le comhchuibhiú agus simpliú na bpróiseas riaracháin a bhaineann le ceadanna chun ualaí doroinnte a iompar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tacaíodh le hobair an Choimisiúin féin maidir leis an meastóireacht *ex-post* agus an measúnú tionchair le dhá staidéar sheachtracha a rinne cuibhreannas neamhspleách faoi stiúir Transport & Mobility Leuven agus Ramboll Management Consulting. Is éard a bhí ann freisin Panteia, LNEC, Apollo Vehicle Safety, agus saineolaithe aonair ar fochonradh.

Bailíodh sonraí agus faisnéis thábhachtach sa tuarascáil[27] cur chun feidhme a d'ullmhaigh an Coimisiún, le tacaíocht theicniúil ón gconraitheoir seachtrach COWI.

Le linn na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair *ex-post*, chuathas i gcomhairle go rialta le Grúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse an Choimisiúin ina raibh saineolaithe ó réimsí beartais ábhartha an Aontais (an comhshaol, an aeráid, fuinneamh, an margadh inmheánach, fostaíocht).

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara an tionscail, lena n-áirítear forbróirí teicneolaíochta glaise, monaróirí feithiclí, comhlachais earnála (ó bhóithre agus iarnróid), údaráis bóithre agus go leor eile.

- **Measúnú tionchair**

Tá tuarascáil ar an measúnú tionchair ag gabháil leis an togra seo le haghaidh leasú ar an Treoir maidir le Meáchan agus Toisí. Cuireadh an dréacht-tuarascáil faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 26 Aibreán 2023, agus d'eisigh an Bord a thuairim dhearfach a raibh agúis áirithe léi an 26 Bealtaine 2023[28]. Rinneadh an tuarascáil a choigeartú dá réir sin chun aghaidh a thabhairt ar na hagúis chomh maith le barúlacha níos mionsonraithe ón mBord. Tugtar míniú mionsonraithe sa mheasúnú tionchair ar na roghanna beartais, a áirítear i roinn 5, agus i roinn 6 tugtar anailís chuimsitheach ar thionchar na roghanna go léir.

Ceapadh trí rogha beartais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh agus ar na cúiseanna leo, ag díriú ar dhícharbónú, ar chomhchuibhiú agus ar chuspóirí forfheidhmiúcháin. Cabhraíonn gach rogha le cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach, cé go bhfuil leibhéil éagsúla éifeachtachta agus éifeachtúlachta ann.

Is éard atá i Rogha Beartais A (PO-A) seacht mbeart beartais a bhaineann leis na trí rogha go léir. Díríonn sé ar dheireadh a chur le bacainní ar ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ar réitigh coigilte fuinnimh trí lamháltais bhreise meáchain agus faid a dheonú chun meáchan agus/nó méid na dteicneolaíochtaí sin a chúiteamh. Comhchuibhítear fad lastáilte iompróirí feithiclí agus soiléirítear na rialacha is infheidhme maidir le feithiclí níos troime agus/nó feithiclí níos faide a úsáid (i.e., HDVanna 44 thona agus Córais Mhodúlacha Eorpacha) in oibríochtaí trasteorann, agus tacaíonn sé le gach cineál oibríochta, lena n-áirítear iompar idirmhódúil neamhchoimeádánaithe. Dreasaíonn PO-A iompair i gcoimeádán idirmhódúil a thuilleadh trí airde bhreise a cheadú chun freastal ar choimeádáin d'ardtoilleadh i gcéimeanna bóthair d'oibríochtaí iompair idirmhódúil. Neartaíonn sé forfheidhmiú freisin trí íosleibhéal rialuithe a bhunú a bheidh le déanamh ag na Ballstáit agus cuireann sé íoscheanglais ar fáil do na Ballstáit atá toilteanach beartais rochtana cliste a chur chun feidhme chun comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht na scéimeanna sin a áirithiú ar fud an Aontais.

Tá raon feidhme níos leithne ag Rogha Beartais B (PO-B) ná PO-A. Ionchorpraítear ann na seacht mbeart comhbheartais mar aon le bearta breise lena gcuirtear dreasachtaí níos láidre ar fáil chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a ghlacadh tríd an teorainn meáchain le haghaidh HDVanna astaíochtaí nialasacha a ardú ó 42 thona ar a mhéad faoi láthair (meastar nár leor iad chun meáchan cuid den teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha atá ann faoi láthair a

[27] Tuarascáil DHOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID gCOIMISIÚN maidir le cur chun feidhme na leasuithe ar Threoir 96/53/CE a tugadh isteach le Treoir (AE) 719/2015, SWD(2023)70.

[28] Tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála. An Treoir maidir le Meáchain agus Toisí, SEC(2023) 445.

chúiteamh) go 44 thona, gan beann ar mheáchan na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha. Cuireann an beart seo ar chumas oibreoirí pá-lasta breise a fháil má éiríonn an teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha níos éadroime agus níos lú. Éascaíonn PO-B iompar idirmhódúil trí leoraithe, leantóirí agus leathleantóirí a aicmiú mar aonaid iompair idirmhódúil a bhainfidh tairbhe as an lamháltas meáchain breise céanna 4 thona le feithiclí bóthair a iompraíonn coimeádáin nó cabhlacha soghluaiste. Foráiltear le PO-B freisin do thuilleadh comhchuibhithe ar cheanglais riaracháin a bhaineann le ceadanna a eisiúint chun ualaí doroinnte a iompar ag feithiclí a sháraíonn na teorainneacha meáchain agus toise a leagtar síos sa Treoir. Tugtar isteach leis freisin bearta lena ndéantar forfheidhmiú níos spriocdhírithe agus níos éifeachtúla a bhuí leis an úsáid a bhaintear as sásraí meáite atá le suiteáil i mbonneagar bóithre. Chun tacú leis an aistriú chuig oibríochtaí astaíochtaí nialasacha, socraíonn PO-B spriocdháta ar ina dhiaidh nach mór HDVanna níos troime (44 thona), a cheadaítear le PO-A lena n-úsáid in iompar trasteorann, a bheith saor ó astaíochtaí nó a úsáid le haghaidh oibríochtaí idirmhódúla. Cuireann PO-B buntáistí ar fáil d'oibreoirí, ach tá gá le roinnt athruithe caiteachais agus rialála ó na Ballstáit.

Áirítear freisin i Rogha Beartais C (PO-C) na seacht mbeart comhbheartais agus bearta breise maidir le comhchuibhiú, dícharbónú agus forfheidhmiú. Leathnaítear leis réimse oibríochtúil na gCóras Modúlach Eorpach (EMS) ar fud chríoch an Aontais (gan a bheith teoranta, mar atá in PO-B, do na Ballstáit a cheadaíonn EMS san iompar náisiúnta), tugtar isteach caighdeáin sábháilteachta agus ceanglais cháilíochta níos airde maidir le cúrsaíocht EMS, bunaítear conairí chun ualaí doroinnte a iompar agus forchuireann sé oibleagáidí forfheidhmiúcháin breise ar na Ballstáit. Cuireann PO-C éifeachtúlacht oibríochtúil níos airde, tairbhí comhshaoil agus forfheidhmiú na rialacha ar fáil, ach baineann leibhéal níos airde idirghabhála agus costais níos airde leis do na Ballstáit. Tá siad sin nasctha le bonneagar bóithre a chothabháil agus a threisiú, agus le costais chomhlíontachta bhreise d'oibreoirí.

Tugann gach rogha beartais aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh agus ar na cúiseanna atá leo agus cabhraíonn siad le cuspóirí sonracha agus príomhchuspóirí a bhaint amach, cé go bhfuil leibhéal éagsúil éifeachtachta agus éifeachtúlachta acu.

Tugtar le fios san anailís ar éifeachtúlacht na roghanna beartais gur mó na tairbhí iomlána, a athraíonn idir na roghanna ó EUR 20 billiún (PO-A), EUR 80.2 billiún (PO-B) go EUR 97 billiún (PO-C), ná na costais iomlána ó EUR 1.9 billiún (PO-A), go EUR 6.5 billiún (PO-B) go EUR 15.1 billiún (PO-C). Léiríonn PO-B an cóimheas idir sochar agus costas is airde (12.3), agus ina dhiaidh sin PO-A (10.7) agus PO-C (6.4).

Bunaithe ar an gcomparáid idir na trí rogha beartais ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta, coimhdeachta agus comhréireachta de, tagtar ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair gurb é PO-B an rogha is oiriúnaí. Tá sé níos éifeachtaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí sonracha uile ná PO-A, agus níl ach costais beagán níos airde le híoc ag údaráis na mBallstát sa ghearrthéarma. Níl PO-B chomh héifeachtach céanna le PO-C, go háirithe maidir le forfheidhmiú agus maidir le glasú feithiclí níos faide agus/nó níos troime a dhreasú. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil PO-B níos indéanta agus níos éasca le cur chun feidhme ná PO-C maidir le dálaí oibríochtúla le haghaidh cúrsaíocht feithiclí níos faide agus/nó níos troime (lena n-áirítear iompar neamhghnách) agus le haghaidh bearta rialaithe. Áirithítear le PO-B cothromaíocht idir na cuspóirí nach mór a bhaint amach agus costais agus comhréireacht na hidirghabhála, chomh maith le héascú an chur chun feidhme.

Rannchuidíonn an Treoir go díreach le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe # 13 de chuid na Náisiún Aontaithe *('Gníomhú práinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide agus a*

*thionchair a chomhrac*')[29], agus sábháladh 1 592,7 míle tona d'astaíochtaí $CO_2$ in 2030 agus laghdú 54,6 míle tona d'astaíochtaí $CO_2$ in 2050. Leis an togra, laghdófar go carnach thar an tréimhse 2025-2050, astaíochtaí $CO_2$ le 27.8 milliún tona (1.2 % d'astaíochtaí $CO_2$ ón iompar lasta). Meastar go dtiocfaidh laghdú EUR 3.5 billiún ar chostais sheachtracha na n-astaíochtaí $CO_2$, arna sloinneadh mar an luach reatha thar 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbunlíne. Is é is cúis leis an laghdú sin ar astaíochtaí $CO_2$ an úsáid níos airde a bhaintear as HDVanna astaíochtaí nialasacha, an t-aistriú chuig iompar idirmhódúil agus laghdú ar líon na dturas (arna dtiomáint leis an bpá-lasta méadaithe). Cuireann sé le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe # 3 ('*Beatha shláintiúil a áirithiú agus folláine a chur chun cinn do chách ag gach aois*')[30] freisin agus sábháladh 5,1 míle tona d'astaíochtaí NOx in 2030 agus 0,7 míle tona d'astaíochtaí NOx in 2050, sábháladh 1 mhíle tona d'astaíochtaí ábhar cáithníneach in 2030 agus sábháladh 0,4 míle tona d'astaíochtaí NOx in 2050, mar aon le laghdú EUR 0,7 billiún ar chostais sheachtracha na n-astaíochtaí torainn (arna sloinneadh mar an luach reatha thar 2025-2050 i gcomparáid leis an mbonnlíne) agus 411 beatha sábháilte, go carnach le linn 2025-2050, i gcoibhneas leis an mbonnlíne. Is féidir beatha a shábháil (i.e. líon na mbásanna ó thimpistí a laghdú) tríd an aistriú chuig iompar idirmhódúil agus an laghdú ar líon na dturas (arna dtiomáint leis an bpá-lasta méadaithe).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo ina chuid de Chlár Oibre 2022 an Choimisiúin faoi Iarscríbhinn II (tionscnamh REFIT), faoin gceannteideal Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa[31]. Tá gné thábhachtach REFIT ag baint leis ó thaobh simpliú agus ailíniú a dhéanamh ar na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm maidir le feithiclí níos faide agus/nó feithiclí níos troime a thaistealaíonn ina gcríocha agus in oibríochtaí trasteorann. Laghdóidh an tionscnamh an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a bhaineann le ceanglais éagsúla agus costasacha maidir le ceadanna chun ualaí neamhghnácha nó doroinnte a iompar.

Is éard atá i gceist le hualach costais suntasach a eascraíonn as an Treoir reatha maidir le Meáchan agus Toisí na himpleachtaí d'oibreoirí a gcuireann feithiclí níos faide agus/nó feithiclí níos troime bac orthu oibríochtaí trasteorann a dhéanamh, ar feithiclí iad a cheadaítear in dhá Bhallstát chomharsanachta (nó níos mó). Mar gheall ar easpa soiléireachta i rialacha na Treorach, bíonn léirmhínithe náisiúnta éagsúla ann a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann ag na feithiclí sin agus bíonn meascán cleachtas mar thoradh air. I gcásanna áirithe, tá oibleagáid ar oibreoirí an fheithicil a dhílastáil go páirteach sula dtrasnóidh siad an teorainn, ach i gcásanna eile féadfaidh siad an teorainn a thrasnú gan bhac bunaithe ar shocruithe déthaobhacha idir an dá Bhallstát. Leis an tionscnamh, cuirfear deireadh leis an éiginnteacht dhlíthiúil maidir le hoibríochtaí trasnaithe teorann le feithiclí níos faide agus/nó feithiclí níos troime (e.g. iompróirí gluaisteán, EMS, 44-tona HDVanna) agus an t-ualach riaracháin lena mbaineann. Ina theannta sin, trí chaighdeáin chomhchoiteanna a bhunú chun rialacha trasteorann a fhorfheidhmiú, cruthófar níos mó deimhneachta dlíthiúla d'oibreoirí, do mhonaróirí agus d'údaráis.

Má thugtar isteach rialacha agus coinníollacha comhchuibhithe d'oibríochtaí trasteorann ag feithiclí a sháraíonn meáchain agus toisí áirithe, ciallaíonn sé sin go simpleofar agus go bhfeabhsófar éifeachtúlacht na reachtaíochta tríd is tríd leis an tionscnamh. Laghdóidh sé an

29 https://sdgs.un.org/goals/goal13
30 https://sdgs.un.org/goals/goal3
31 COM (2021) 645 final EUR-Lex - 52021DC0645 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

t-ualach rialála ar oibreoirí agus cuideoidh sé le feidhmiú rianúil, cothrom agus sábháilte an mhargaidh inmheánaigh iompair de bhóthar.

- **Cur i bhfeidhm an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'**

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige seo aon ualach nua ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a eascraíonn as tograí an Choimisiúin a fhritháireamh trí dheireadh a chur le hualach coibhéiseach atá ann cheana sa réimse beartais céanna'.

Meastar go sábhálfar costais riaracháin d'oibreoirí iompair de bhóthar mar thoradh ar PO-B mar gheall ar laghdú ar an am is gá chun iarratais a ullmhú agus a chur isteach chun ceadanna speisialta a eisiúint chun ualaí doroinnte a iompar (EUR 1.2 billiún, arna shloinneadh mar an luach reatha thar 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbonnlíne), rud a chumasófar trí fhoirmeacha iarratais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú. Chun críche an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', meastar gurb é EUR 71.8 milliún in aghaidh na bliana an coigilteas bliantúil ar chostais riaracháin mar gheall ar laghdú ar an am is gá chun iarrataí a ullmhú agus a chur isteach chun ceadanna speisialta a eisiúint chun ualaí doroinnte a iompar.

**Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[32]. Cuirtear leis an togra seo leis an gcuspóir go mbainfear ardleibhéal cosanta don chomhshaol amach i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar go mbeidh costais choigeartúcháin don Choimisiún mar thoradh ar an togra. Tá siad sin nasctha le bunú caighdeán teicniúil agus oibríochtúil le haghaidh malartú faisnéise maidir le hiompar ualaí doroinnte agus le caighdeáin um Beartais Rochtana Cliste (IAP) a fhorbairt.

Déanfar caighdeáin theicniúla agus oibríochtúla a bhunú le haghaidh malartú faisnéise maidir le hiompar ualaí doroinnte in dhá chéim. Ar dtús, déanfar staidéar chun na heilimintí riachtanacha a thiomsú agus chun roinnt roghanna a mholadh chun na caighdeáin a bhunú. Sa dara céim, úsáidfear torthaí an staidéir chun na caighdeáin a dhréachtú le cabhair ó ghrúpa saineolaithe. Is é EUR 400 000 an costas a mheastar a bheidh ar an staidéar tosaigh. Beidh gá le dhá cheardlann i bpearsa. Meastar gurb é EUR 30 000 an meánchostas do cheardlann dhá lá arna hóstáil ag an gCoimisiún. Meastar, dá bhrí sin, gurb é EUR 460 000 na costais choigeartúcháin aonuaire.

Déanfar caighdeáin IAP a fhorbairt in dhá chéim freisin. Ar an gcéad dul síos, déanfar staidéar agus ina dhiaidh sin déanfar dhá cheardlann agus mionsaothrú caighdeán le cabhair ó ghrúpa saineolaithe. Is é EUR 400 000 an costas a mheastar a bheidh ar an staidéar. Meastar gurb é EUR 30 000 an meánchostas do cheardlann dhá lá arna hóstáil ag an gCoimisiún. Beidh gá le dhá cheardlann den sórt sin i bpearsa. Meastar gurb é EUR 5 000 an cúiteamh do na saineolaithe a chuireann leis na cruinnithe le haghaidh gach cruinnithe. Meastar, dá bhrí sin, gurb é EUR 470 000 na costais choigeartúcháin aonuaire i gcás PMc7.

[32] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchar iarbhír na reachtaíochta trí ghníomhaíochtaí éagsúla agus trí shraith táscairí a chuirfidh ar a chumas dul chun cinn a thomhas maidir le cuspóirí sonracha agus oibríochtúla a bhaint amach. Áirítear ar na gníomhaíochtaí faireacháin tuairisciú rialta (gach dhá bhliain) ó na Ballstáit maidir le líon agus cineál na rialuithe comhlíontachta a rinneadh (randamach, spriocdhírithe agus uathoibrithe) agus líon agus catagóir na sáruithe arna mbrath. Bunaithe ar na haighneachtaí náisiúnta sin, ullmhóidh an Coimisiún tuarascálacha dhá bhliain do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir le meáchain agus toisí HDVanna ag na Ballstáit. Tiocfaidh sé ar chonclúidí maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí forfheidhmiúcháin ag na Ballstáit agus maidir le comhlíonadh na rialacha maidir le meáchain HDVanna ag oibreoirí. Cuideoidh tuairisciú rialta freisin le treochtaí i leibhéil chomhlíonta agus in éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agus na n-uirlisí forfheidhmiúcháin a urramú. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis an Sainghrúpa Meáchan agus Toisí, rud a chuideoidh leis cásanna de léirmhínithe éagsúla ar rialacha an Aontais maidir le meáchan agus toisí agus ceanglais náisiúnta agus cleachtais forfheidhmiúcháin éagsúla a shainaithint agus a phlé. Is é an aidhm atá ann cur chuige coiteann a bhunú agus treoir a eisiúint nuair is gá. Ina theannta sin, cuideoidh na córais faireacháin agus faisnéise a bhunóidh na Ballstáit le measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le húsáid EMS agus a réimse oibríochtúil, leibhéal iompair na n-ualaí doroinnte agus dálaí oibríochtúla náisiúnta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle le hAirteagal 1. Is iad seo a leanas na príomhrialacha lena ndéantar an Treoir a athrú go substaintiúil nó lena gcuirtear eilimintí nua leis:

*Airteagal 1(1)*

Leasaítear Airteagal 1 chun na tagairtí don reachtaíocht ábhartha a thabhairt cothrom le dáta maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh ar fheithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

*Airteagal 1(2)*

Leasaítear Airteagal 2 chun na sainmhínithe ar ‘leantóir’ agus ‘leathleantóir’ agus na nósanna imeachta chun na toisí údaraithe uasta a thomhas a ailíniú leis na sainmhínithe atá sa reachtaíocht maidir le cineálcheadú feithicle, agus cuirtear isteach na príomhshainmhínithe ar ‘Córas Modúlach Eorpach’ agus ar ‘iompróir feithicle’ agus an sainmhíniú ar ‘ardán eFTI’ de bhun Rialachán (AE) 1056/2020[33].

[33] Rialachán (AE) 1056/2020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

Leasaítear freisin an sainmhíniú ar oibríocht iompair idirmhódúil agus tagairtí riachtanacha do na cineálacha iompair sin sa leagan athbhreithnithe d'Iarscríbhinn I chun go mbeidh leoraithe, leantóirí agus leathleantóirí a úsáidtear in oibríochtaí idirmhódúla in ann leas a bhaint as na lamháltais meáchain bhreise chéanna a bhaineann le feithiclí bóthair a iompraíonn coimeádáin nó cabhlacha soghluaiste agus a úsáidtear in iompar idirmhódúil coimeádánaithe. Spreagfaidh sé sin oibreoirí iompair de bhóthar chun páirt a ghlacadh in iompar idirmhódúil neamhchoimeádánaithe freisin.

*Airteagal 1(3)*

Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

- Chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le cúrsaíocht HDVanna a sháraíonn na meáchain agus na toisí a leagtar síos sa Treoir, deimhnítear le mír 1, pointe (c), i gcás ina mbaineann na Ballstáit úsáid as maoluithe náisiúnta a cheadaítear faoi mhír 2, nach ngineann sé sin go huathoibríoch an ceart chun oibríochtaí trasteorann le feithiclí níos troime agus/nó feithiclí níos faide.
- Léiríonn mír 3 gur féidir meáchan breise agus toisí breise a bheith mar thoradh ar iompar ualaí doroinnte. Thairis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit na nósanna imeachta a shimpliú agus a chuíchóiriú chun ceadanna náisiúnta a eisiúint nó chun socruithe comhchosúla a ghlacadh chun ualaí doroinnte a iompar chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a íoslaghdú agus chun moilleanna a sheachaint. Tugtar isteach leis freisin oibleagáid an chomhair idir na Ballstáit maidir leis na ceanglais ar chomharthaíocht nó ar mharcálacha feithiclí, agus cuireann sé cosc ar bhacainní díréireacha i bhfoirm ceanglas teanga náisiúnta.
- Leagtar amach i mír 4a nua na coinníollacha maidir le cúrsaíocht Córas Modúlach Eorpach (EMS), a fhéadfar a úsáid lasmuigh de na scéimeanna trialach a chumhdaítear le mír 5, agus gan a bheith teoranta dá ról mar choimirce chun iomaíocht chóir a áirithiú mar a leagtar amach in Airteagal 4(4)(b). Chun dálaí cothroma iomaíochta agus neamh-idirdhealaithe a áirithiú, ceadaítear leis an mír nua seo do na Ballstáit EMS a údarú sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha sonracha, lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha a chuirtear ar fáil d'oibreoirí bóithre ar bhealach soiléir, inrochtana agus trédhearcach, is é sin trí chóras náisiúnta faisnéise agus cumarsáide aonair arna leagan síos ag na Ballstáit sin.
- Leis an leasú ar mhír 5, ceadaítear raon feidhme geografach trialacha a leathnú arb é is aidhm dóibh teicneolaíochtaí agus scéimeanna nua a thástáil, measúnú a dhéanamh orthu agus iad a thabhairt isteach de réir a chéile, lena n-áirítear EMS, trialacha a d'fhéadfaí a dhéanamh thar theorainneacha freisin, a neartaíonn a gcineál sealadach agus a leagann síos uastréimhse 5 bliana do thrialacha den sórt sin le EMS. Foráiltear leis an bhfomhír nua nach mór do na Ballstáit córas faireacháin a bhunú chun leas a bhaint, ar leibhéal an Aontais, as an gceacht a foghlaimíodh ón teicneolaíocht a tástáladh i dtrialacha agus chun inchomparáideacht na faisnéise a bhailítear a áirithiú, lena n-áirítear tionchar EMS.
- Le mír 5a nua tugtar de chumhacht don Choimisiún na tacair íosta sonraí agus táscairí feidhmíochta a shainiú a chaithfidh na córais faireacháin náisiúnta a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar úsáid EMS agus trialacha.

*Airteagal 1(4)*

Cuirtear Airteagal 4a nua isteach, ar dá réir nach mór do na Ballstáit córas leictreonach náisiúnta faisnéise agus cumarsáide a chur ar bun agus a bhainistiú lena soláthraítear pointe rochtana aonair d'oibreoirí chun an fhaisnéis uile is gá a fháil chun ualaí doroinnte a iompar, EMS a úsáid sna Ballstáit lena gceadaítear dóibh déanamh amhlaidh agus iarratais a chur isteach chun ceadanna a fháil chun ualaí doroinnte a iompar. Chun na nósanna imeachta riaracháin a éascú a thuilleadh, leagtar amach sa riail sin freisin go bhféadfaidh an Coimisiún foirm iarratais chaighdeánach choiteann a bhunú d'oibreoirí ualaí doroinnte agus rialacha agus nósanna imeachta maidir le heisiúint ceadanna a chomhchuibhiú a thuilleadh.

*Airteagal 1(5)*

Le hAirteagal 4b nua, cuirtear deireadh le bacainní saorga ar ghluaiseacht trasteorann leoraithe níos troime lena gcuirtear cosc ar iompar de bhóthar feabhas a chur ar a éifeachtúlacht oibríochtúil, fuinnimh agus chomhshaoil san aistriú chuig oibríochtaí astaíochtaí nialasacha. Ceadaítear leis go sealadach úsáid a bhaint as HDVanna 44 tona a oibrítear ar bhreoslaí iontaise in oibríochtaí idirnáisiúnta de bhóthar amháin idir na Ballstáit sin a ghlacann le feithiclí níos troime sin in oibríochtaí náisiúnta. Ceadaíonn sé freisin a n-úsáid go sealadach in iompar idirmhódúil, trína gceadaítear an meáchan breise. Is idirthréimhse í lena n-áirithítear infhaighteacht leordhóthanach HDVanna astaíochtaí nialasacha sa mhargadh, rud a thugann an t-am is gá d'oibreoirí chun a bhflíteanna reatha a athnuachan. Tá an dáta a rachaidh an beart sealadach seo in éag nasctha leis an méadú a mheastar a thiocfaidh ar ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha, a mheastar a bheith cothrom le thart ar 50 % de na clárúcháin nua, de réir na hanailíse sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún chun Rialachán (AE) 2019/1242 (SWD(2023) 88 final) a leasú.

*Airteagal 1(6)*

Le hAirteagal 6(1) leasaithe, nuashonraítear na tagairtí do rialacha infheidhme an Aontais, agus le mír 5 leasaithe déantar an tagairt don fhaisnéis nach mór a chur san áireamh sa chruthúnas ar chomhlíonadh na n-ualuithe uasta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ailíniú.

Ceanglaítear le mír 7 nua in Airteagal 6 go gcuirfidh eagraí na hoibríochta iompair idirmhódúil na sonraí ábhartha maidir le hiompar lasta ar fáil trí ardán leictreonach faisnéise lastais (eFTI) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056 agus go mbeidh rochtain ag na húdaráis ábhartha ar an bhfaisnéis sin.

*Airteagal 1(7)*

Le hAirteagal 8b leasaithe, nuashonraítear na tagairtí do rialacha infheidhme an Aontais maidir le reachtaíocht cineálcheadaithe.

*Airteagal 1(8)*

Ós rud é nach bhfuil ach acmhainneacht theoranta ann chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh, ceadaítear d'iompróirí feithiclí a bhfuil coirp oscailte acu i bhformhór na mBallstát an t-uasfhad údaraithe a shárú i gcás ualaí starrtha, rud a chuireann go mór lena bpá-lasta. Le hAirteagal 8c nua déantar comhchuibhiú ar na rialacha maidir le hualaí starrtha le haghaidh na bhfeithiclí sin agus dearbhaítear dlíthiúlacht a n-úsáide in iompar idirnáisiúnta.

*Airteagal 1(9)*

Soiléirítear in Airteagal 9a(1) arna leasú gur féidir leis an mbreis faid uasta dá bhforáiltear do chábáin fhadaithe freastal ar theicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha freisin, mar shampla, ceallraí agus umair hidrigine, i bhfeithiclí atá feistithe le cábáin fhadaithe. Tugtar an tagairt do na rialacha an Aontais is infheidhme maidir leis an reachtaíocht cineálcheadaithe atá i mír 2 cothrom le dáta freisin.

*Airteagal 1(10)*

Trí Airteagal 10b a ionadú, agus trí na hathruithe is gá a áireamh sa leagan athbhreithnithe d'Iarscríbhinn I, leagtar amach sa togra maoluithe ar ualuithe uasta agus toisí HDVanna astaíochtaí nialasacha lena gcúitítear meáchan agus spás na gcóras tiomána astaíochtaí nialasacha agus an trealaimh ghaolmhair. Ina theannta sin, leis na leasuithe in Iarscríbhinn I, cuirtear deireadh leis an gcoinníoll go mbeidh an t-uasmheáchan breise d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha teoranta do mheáchan na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha.

*Airteagal 1(11)*

Leasaítear Airteagal 10c mar thoradh ar mhír nua a chur le hAirteagal 10b, chun a shoiléiriú go bhfuil an fhéidearthacht maidir leis na faid uasta a shárú dá dtagraítear san fhoráil sin faoina réir, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 10b(2).

*Airteagal 1(12)*

Cuirtear san áireamh in Airteagal 10d úsáid íosta na gcóras gluaisne meáite sa ghréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar atá beartaithe sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. Áirithítear leis sin comhleanúnachas seachtrach idir an dá ionstraim dlí agus tacaíonn sé leis na ceanglais forfheidhmiúcháin a leagtar amach san Airteagal seo. Leagtar amach freisin i mír 2 d'Airteagal 10d íosleibhéal rialuithe comhlíontachta atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear na rialuithe istoíche.

*Airteagal 1(13)*

Leagtar amach in Airteagal 10da nua coinníollacha íosta coiteanna maidir le scéimeanna Beartais Rochtana Cliste a bheith á n-úsáid go deonach ag na Ballstáit agus áirithítear leis go bhfuil siad ailínithe leis an gcreat dlíthiúil a leagtar amach faoi Threoir 2010/40/AE, go háirithe maidir le sonraí ábhartha a mhalartú i bhfíor-am. Soiléirítear leis freisin go gceaptar na scéimeanna sin mar uirlis chun rialacha tráchta a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr agus níor cheart go n-eascródh srianta idirdhealaitheacha nó díréireacha as ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a chuireann bac ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

*Airteagal 1(14)*

Trí Airteagal 10f a leasú, agus trí na hathruithe is gá a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a chur san áireamh, méadófar uasairde na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí a iompraíonn coimeádáin ina bhfuil airde sheachtrach chaighdeánach 9'6"ft (coimeádáin d'ardtoilleadh) chun forbairt an iompair idirmhódúil a éascú a thuilleadh.

*Airteagal 1(15)*

Sonraítear in Airteagal 10g an fhaisnéis is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Treorach ar bhealach leordhóthanach agus rialta, meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar an gcóras iompair ina iomláine agus faireachán a dhéanamh ar thrialacha agus ar scéimeanna a úsáidtear sna Ballstáit chun a áirithiú go rachaidh siad chun tairbhe an Aontais, gan ualach nach bhfuil gá leis nó nach bhfuil údar leis a chruthú do na Ballstáit. Tabharfaidh an Coimisiún foirm chaighdeánach tuairiscithe isteach i bhformáid leictreonach chun oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a éascú agus chun inchomparáideacht na faisnéise a sholáthraítear a áirithiú.

*Airteagal 1(16)*

Soiléirítear in Airteagal 10h(2) go gcumhdaíonn an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún faoin bhforáil sin na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4(5a).

*Airteagal 1(17)*

Déantar foráil i mír 4 nua in Airteagal 10i do thagairt don nós imeachta ba cheart don Choimisiún a leanúint chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm láithreach, atá leordhóthanach le haghaidh soláthar éigeandála.

*Airteagal 1(18)*

Scriostar Airteagal 10j toisc go bhfuil a oibleagáid faoin Airteagal seo comhlíonta cheana féin ag an gCoimisiún tríd an tuarascáil i dtrácht a fhoilsiú.

*Airteagal 1(19)*

Le hAirteagal 10k tugtar isteach foráil éigeandála chun an tsolúbthacht is gá a sholáthar do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna, lena n-áirítear iad siúd a tharlaíonn lasmuigh den Aontas. Is féidir an clásal éigeandála a úsáid go sealadach chun eisceachtaí ó na rialacha a leagtar síos sa Treoir a dheonú ag Ballstáit aonair nó, nuair a dhéanann sé difear do níos mó ná Ballstát amháin, ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm láithreach.

*Airteagal 1(20)*

Cuirtear Iarscríbhinn nua in ionad Iarscríbhinn I chun na hathruithe is gá a thabhairt isteach a bhaineann le luachanna áirithe cineálacha áirithe HDVanna, lena n-áirítear na cinn dá dtagraítear thuas agus maidir le hAirteagail 2, 10b agus 10f(1), agus chun na luachanna a leagtar síos san Iarscríbhinn a dhéanamh níos soiléire. Baineann na hathruithe ar na luachanna leis an airde bhreise d'fheithiclí a iompraíonn coimeádáin d'ardtoilleadh, le meáchan uasta mótarfheithiclí 5 acastóir, agus leis an méid seasta de mheáchan breise agus meáchan acastóra breise le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

*Airteagal 1(21)*

Leasaítear Iarscríbhinn III chun an tagairt do rialacha infheidhme an Aontais a thabhairt cothrom le dáta.

*Airteagal 2*

Cuirtear fleasc nua (vi) isteach in Airteagal 2(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/1056 chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir leis na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach in Airteagal 6(6) de Threoir 96/53/CE.

*Airteagal 3*

Le hAirteagal 3, sonraítear an sprioc-am do na Ballstáit chun an Treoir leasaithe a thrasuí.

*Airteagal 4*

Le hAirteagal 4, leagtar amach dáta teacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe, is é sin an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5*

Le hAirteagal 5, dírítear an Treoir leasaithe chuig na Ballstáit.

2023/0265 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[34],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún[35],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 96/53/CE ón gComhairle[36], leagtar amach meáchain agus toisí ceadaithe uasta feithiclí tromshaothair ar féidir leo gluaiseacht ar bhóithre an Aontais chun sábháilteacht ar bhóithre agus feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil na n-oibríochtaí iompair a chothú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na hoibríochtaí sin a laghdú. Léiríodh sa mheastóireacht ar Threoir 96/53/CE nach raibh sí éifeachtach ach go páirteach maidir lena cuspóirí i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre, an margadh inmheánach agus an comhshaol a bhaint amach, agus gur gá a forálacha a oiriúnú chun na forbairtí teicneolaíocha a léiriú agus an nuálaíocht a chur chun cinn, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin athraitheacha sa mhargadh iompair agus chun rannchuidiú le tosaíochtaí beartais an Aontais maidir le dícharbónú an iompair.

(2) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Communication on a Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future*[Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí][37], is léir gur gá, chun rannchuidiú le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[38] maidir le laghdú 90 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar faoi 2050, na modhanna iompair uile a dhéanamh níos inbhuanaithe, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras

34 IO C , , lch. .
35 IO C , , lch. .
36 IO L 235, 17.9.1996, lch. 59.
37 COM(2020) 789 final.
38 COM(2019) 640 final.

iompair ilmhódach agus na dreasachtaí cearta a chur i bhfeidhm chun an t-aistriú chuig córas iompair saor ó thruailliú san Aontas a chur chun cinn.

(3) Trí na rialacha maidir le meáchain agus toisí feithiclí tromshaothair iompair de bhóthar a chuíchóiriú agus a shoiléiriú, is gá aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí fuinnimh agus oibríochtúla na n-oibríochtaí iompair trasteorann, dreasachtaí láidre a sholáthar d'oibreoirí chun glacadh le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus úsáid na réiteach coigilte fuinnimh atá ann cheana a éascú, agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'oibríochtaí iompair lasta idirmhódúla. Chun ualaí riaracháin a íoslaghdú, saobhadh iomaíochta a chosc agus rioscaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus damáiste don bhonneagar bóithre a laghdú, ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar cheanglais áirithe maidir le húsáid feithiclí níos troime agus níos faide agus forfheidhmiú na rialacha atá i bhfeidhm a neartú.

(4) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir éifeachtúlacht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil, cosaint an bhonneagair bóithre agus gnéithe sábháilteachta ar bhóithre.

(5) Rinneadh na cineálacha feithiclí tromshaothair, chomh maith le luachanna meáchain na bhfeithiclí sin, a shainiú faoi threoir reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh ar fheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, go háirithe Rialacháin (AE) 2018/858[39] agus (AE) 2019/2144[40] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, is inmhianaithe na tagairtí do na gníomhartha dlí ábhartha sin a thabhairt cothrom le dáta, ar mhaithe le foráil a dhéanamh maidir le soiléireacht an chreata reachtaigh is infheidhme.

---

[39] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

[40] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

(6) Comhlánaíonn forálacha Threoir 96/53/AE Treoir 92/106/CEE ón gComhairle[41] a mhéid a bhaineann le fás an iompair idirmhódúil a chur chun cinn agus tacú leis. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar oibríocht iompair idirmhódúil a ailíniú leis an téarmaíocht a chuirtear i bhfeidhm i dTreoir 92/106/CEE, chun go bhféadfaidh leoraithe, leantóirí agus leathleantóirí a úsáidtear in oibríochtaí idirmhódúla tairbhiú de na lamháltais meáchain bhreise chéanna agus a bhaineann le feithiclí bóthair a iompraíonn coimeádáin nó cabhlacha soghluaiste agus a úsáidtear in iompar idirmhódúil coimeádánaithe. Ba cheart go spreagfadh an dreasacht meáchain sin oibreoirí iompair de bhóthar chun gabháil d'iompar idirmhódúil neamhchoimeádánaithe.

(7) Chun comhthuiscint agus cur chun feidhme aonfhoirmeach fhorálacha na Treorach seo sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta a áirithiú, is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm uathoibríoch ag na maoluithe náisiúnta ó theorainneacha meáchan agus toisí ceadaithe uasta áirithe le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí ag gluaiseacht sa trácht náisiúnta maidir le feithiclí a úsáidtear in oibríochtaí trasteorann.

(8) Iompar ualaí doroinnte, is cuid thábhachtach den mhargadh é atá nasctha le réimsí straitéiseacha an fhuinnimh in-athnuaite, na hinnealtóireachta sibhialta agus an bhonneagair, na hola agus an gháis, an tionscail throm agus na giniúna cumhachta. In ainneoin luach aitheanta na dTreoirlínte Eorpacha don Dea-Chleachtas maidir le hIompar Neamhghnách atá ann cheana, arna nglacadh ag saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, is beag dul chun cinn atá déanta i dtreo simpliú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le ceadanna a fháil chun ualaí doroinnte a iompar. Gan dochar do cheart na mBallstát na coinníollacha is gá a bhunú chun iompar sábháilte ualaí doroinnte ar a gcríocha a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú chun na ceanglais sin a chomhchuibhiú, a mhéid is féidir, ar mhaithe le hiolrú coinníollacha éagsúla a fhónann don chuspóir céanna a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil na ceanglais náisiúnta comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach ndéanann siad ceanglais gan údar a fhorchur, amhail líofacht i dteanga náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú agus chun oibríochtaí éifeachtúla, cothroma agus sábháilte a áirithiú, tá sé ríthábhachtach córas trédhearcach, comhchuibhithe, so-úsáidte a chur ar bun chun ceadanna a fháil.

(9) Baineadh úsáid as Córais Mhodúlacha Eorpacha (EMS) agus rinneadh iad a thriail go mion agus is léir gur réiteach spéisiúil iad chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht eacnamaíoch agus fuinnimh oibríochtaí iompair, agus sábháilteacht ar bhóithre agus cosaint an bhonneagair á n-áirithiú an tráth céanna, a bhuí lena bheith teoranta do chodanna leordhóthanacha de na gréasáin bhóithre. I bhfianaise sainiúlachtaí náisiúnta, leasanna eacnamaíocha éagsúla, riachtanais iompair agus toilleadh bonneagair iompair éagsúla sna Ballstáit, is iad is fearr atá in ann cúrsaíocht EMS ar a gcríocha a mheasúnú agus a údarú. An tráth céanna, chun na tionchair dhearfacha shocheacnamaíocha agus chomhshaoil a bhaineann le húsáid EMS a mhéadú, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha ar a n-úsáid in oibríochtaí trasteorann idir Ballstáit chomharsanachta a cheadaíonn cónaisc feithiclí den sórt sin ar a gcríocha, gan teorainn ar líon na dteorainneacha a thrasnaítear a fhad agus a chomhlíonann siad na meáchain agus na toisí údaraithe uasta le haghaidh EMS arna mbunú ag na Ballstáit laistigh dá gcríocha féin. Déantar sin chun a áirithiú go

---

41 Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

gcomhlíonann EMS a úsáidtear in oibríochtaí trasteorann an chomhteorainn meáchain agus toise is ísle le haghaidh EMS is infheidhme sna Ballstáit sin. Ar mhaithe le sábháilteacht oibríochtaí, trédhearcacht agus soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart coinníollacha coiteanna a bhunú maidir le cúrsaíocht EMS sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear faisnéis shoiléir a sholáthar maidir leis na teorainneacha meáchain agus toisí le haghaidh EMS agus maidir le codanna den ghréasán bóithre atá comhoiriúnach le sonraíochtaí na bhfeithiclí sin, agus faireachán a dhéanamh ar thionchar úsáid EMS ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar bóithre, ar chomhar módach, chomh maith le tionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear an tionchar ar an gcion módach.

(10) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit i gcónaí trialacha a reáchtáil ar bhonn sealadach. Go deimhin, maidir le teicneolaíochtaí nua lena gceadaítear luchtú faoi shiúl, amhail grianphainéil, pantagraif agus bóithre leictreacha, nó EMS a thabhairt isteach de réir a chéile sna Ballstáit, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá na meáchain agus na toisí uasta a shárú i dtimpeallacht tástála, lena n-áirítear i gcodanna trasteorann den ghréasán bóithre. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit i gcónaí na trialacha sin a dhéanamh agus a bheith in ann comhoiriúnacht teicneolaíochtaí agus coincheap nua a thástáil thar theorainneacha. Ní mór cineál sealadach agus nuálach na dtrialacha a shoiléiriú trí uastréimhse ama a bhunú chun iad a dhéanamh. An tráth céanna, níor cheart teorainn a chur le líon na dtrialacha ar theicneolaíochtaí nua agus ar scéimeanna nuálacha chun nach gcuirfear bac ar an nuálaíocht. Ba cheart do na Ballstáit faireachán agus measúnú a dhéanamh go rialta ar fheidhmíocht agus tionchair na tástála ar theicneolaíochtaí agus coincheapa nua maidir le sábháilteacht ar bhóithre, bonneagar bóithre, comhar módach, agus maidir leis na tionchair chomhshaoil ar an gcóras iompair, amhail tionchair ar an gcion módach.

(11) Maidir le hiompar ualaí doroinnte a dhéanann feithiclí nó cónaisc feithiclí ar mó iad ná na meáchain nó toisí uasta agus úsáid EMS, i bhfianaise a riachtanas le haghaidh gnéithe sábháilteachta breise agus le haghaidh bonneagar oiriúnach, ní mór aird ar leith a thabhairt ar eilimintí amhail trédhearcacht na faisnéise ábhartha, deimhneacht dhlíthiúil agus comhchuibhiú na bpróiseas ceada. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit córas leictreonach faisnéise agus cumarsáide aonair a bhunú ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na coinníollacha oibríochtúla agus riaracháin a bhaineann le hualaí doroinnte a iompar agus EMS a úsáid, ar bhealach atá soiléir agus inrochtana go héasca. Ba cheart go gcuirfeadh an córas náisiúnta sin ar a gcumas do na hoibreoirí an fhaisnéis a fháil agus an t-iarratas a chur isteach go leictreonach, i bhformáid chaighdeánaithe, ar cheadanna speisialta chun ualaí doroinnte a iompar sa Bhallstát lena mbaineann.

(12) Na bacainní saorga ar iompar trasteorann leoraithe níos troime a úsáidtear go príomha in iompar fadraoin (amhail cónaisc feithiclí a bhfuil 5 nó 6 acastóir acu), ba cheart iad a bhaint ar bhealach comhchuibhithe chun leas a bhaint sa ghearrthéarma as an éifeachtúlacht oibríochtúil, fuinnimh agus comhshaoil a bhaineann leis an acmhainn níos mó lastála a dheonaíonn na Ballstáit, lena n-áirítear le haghaidh iompar idirmhódúil. Chun an t-aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn go héifeachtach, is gá deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na leoraithe níos troime sin a oibrítear ar bhreoslaí iontaise, ó 2035 ar aghaidh, is é sin nuair a mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na HDVanna astaíochtaí nialasacha go dtí thart ar 50 % de chlárúcháin HDVanna nua ar an margadh. Tar éis deireadh a chur le húsáid na leoraithe sin, ba cheart leanúint de leoraithe níos troime a cheadú sa trácht náisiúnta agus, sa trácht idirnáisiúnta, ba cheart dóibh cloí leis na meáchain údaraithe

uasta a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE, lena dteorannaítear an lamháltas meáchain breise d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus d'fheithiclí atá páirteach in oibríocht iompair idirmhódúil.

(13) Sa chruthúnas go gcomhlíonann feithiclí na luachanna a leagtar amach i dTreoir 96/53/CE, ba cheart faisnéis chuimsitheach a bheith ann i gcomhréir le rialacha cothrom le dáta an Aontais maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú feithiclí. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, chun tagairt shonrach do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún a chur san áireamh[42]. An fhaisnéis ba cheart a chur san áireamh sa chruthúnas ar chomhlíonadh, ba cheart an fhaisnéis sin a ailíniú a thuilleadh leis na hualaí uasta arna n-údarú faoi Threoir 96/53/CE. Is féidir dúshlán ar leith a bheith ag baint le rialú a dhéanamh ar chineál idirmhódúil oibríochta iompair, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, san iompar neamhchoimeádánaithe. Chun a áirithiú go n-úsáidfear mar is iomchuí lamháltas meáchain breise i gcás feithiclí tromshaothair atá páirteach in oibríochtaí iompair idirmhódúil, is gá d'oibreoirí cruthúnas de chineál idirmhódúil na hoibríochta a sholáthar. Cuireann na hardáin le haghaidh sonraí iompair digiteacha arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 1056/2020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] ('ardáin eFTI') uirlis oiriúnach ar fáil toisc gur tógadh iad chun na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach in Airteagail 3 agus 7 de Threoir 92/106/CEC a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid ardáin eFTI a dhéanamh éigeantach chun faisnéis ábhartha iompair a thaifeadadh agus a chur ar fáil, maidir le modhanna iompair a úsáidtear chun an lastas a iompar.

(14) Tá acmhainneacht an-teoranta ag iompróirí feithiclí a bhfuil cabhlacha oscailte acu a dtomhaltas fuinnimh a laghdú trí aeraidinimic fheabhsaithe. Tá rialacha náisiúnta éagsúla maidir le hualaí starrtha ar iompróirí feithiclí ina gcúis le saobhadh ar an iomaíocht agus cuireann an éagsúlacht sin teorainn shuntasach lena n-acmhainneacht feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar fheidhmíocht fuinnimh sa trácht idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hualaí starrtha ar iompróirí feithiclí a bhfuil cabhlacha oscailte acu, chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin mar is ceart.

(15) Tá feithiclí tromshaothair a bhfuil cábáin fhadaithe acu tar éis teacht isteach ar an margadh, agus iad péireáilte le córais tiomána astaíochtaí nialasacha. Nuair a bhaintear úsáid as córais tiomána astaíochtaí nialasacha, bíonn gá, ag brath ar an teicneolaíocht, le spás breise, ar spás é nár cheart a áireamh chun dochair d'ualach éifeachtach na feithicle, ionas nach ngearrfar pionós eacnamaíoch ar an earnáil iompair de bhóthar atá saor ó astaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú gur féidir leis an mbreis faid uasta dá bhforáiltear do na cábáin fhadaithe freastal ar theicneolaíocht astaíochtaí nialasacha, amhail ceallraí agus umair hidrigine, ar choinníoll nach gcuirfear gnéithe sábháilteachta, éifeachtúlachta agus compoird na gcábán aeraidinimiciúil i mbaol.

---

[42] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n- aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1).

[43] Rialachán (AE) 1056/2020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

(16) Ar an gcaoi chéanna leis an ngá atá le spás breise, níl na caighdeáin reatha oiriúnach ach oiread chun cúiteamh a dhéanamh ar mheáchan breise feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, go háirithe i gcás an chianiompair. Tá gá le meáchan breise agus meáchan breise acastóra le haghaidh cónaisc feithiclí astaíochtaí nialasacha, agus le haghaidh na bhfeithiclí paisinéirí is coitianta atá in úsáid san Aontas. Le teicneolaíochtaí níos éadroime agus aeraidinimic níos fearr, beidh úsáid córas tiomána astaíochtaí nialasacha níos éifeachtúla (mar shampla, ó thaobh raon níos faide agus saolré ceallraí níos faide) trína dtomhaltas fuinnimh a laghdú. Chun dreasachtaí breise a chur ar fáil d'úsáid feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha, agus chun forbairt theicneolaíoch chomh maith le feistiú feithiclí le haeraidinimic fheabhsaithe a chur chun cinn, ba cheart, dá bhrí sin, lamháltais meáchain breise a dhícheangal ó mheáchan na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha.

(17) Tá sé ríthábhachtach na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach chun iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí a áirithiú agus chun deireadh a chur leis na rioscaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus bonneagar bóithre a bhaineann le feithiclí a sháraíonn go neamhdhleathach na meáchain nó na toisí is infheidhme. Chun rialuithe cois bóthair a dhíriú níos fearr ar fheithiclí ró-ualaithe, agus má roghnaíonn na Ballstáit córais uathoibríocha a úsáid ar an mbonneagar bóithre, ba cheart dóibh a áirithiú, ar a laghad, go n-úsáidfear na córais sin sa ghréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar. Thairis sin, ar mhaithe le hiontaofacht agus comhsheasmhacht an fhorfheidhmithe ar fud an Aontais, ba cheart an t-íosleibhéal rialuithe sainordaitheacha atá le déanamh ag na Ballstáit a bhunú i gcomhréir leis an leibhéal tráchta ar a gcríocha ag na feithiclí faoi raon feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear líon iomchuí rialuithe le linn uaireanta oíche.

(18) Chun dlús breise a chur le forfheidhmiú agus faireachán ar chúrsaíocht feithiclí tromshaothair ar bhóithre an Aontais, brú tráchta a laghdú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, rioscaí maidir le damáiste don bhonneagar a laghdú agus oibríochtaí iompair inbhuanaithe a chur chun cinn, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun scéimeanna Beartais Rochtana Cliste a bhunú lena n-áiritheofar comhlíonadh rialacha maidir leis na meáchain agus toisí údaraithe uasta. Agus scéimeanna den sórt sin á mbunú, ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais chomhchoiteanna a chur i bhfeidhm chun comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht agus formáid na sonraí ábhartha atá le malartú. Ba cheart go gcuideodh na scéimeanna lena áirithiú go n-oibreoidh an fheithicil cheart, agus an lasta ceart aici, ar an mbóthar ceart agus ag an am ceart chun a áirithiú go mbeidh an tionchar is lú is féidir ann ar an gcomhshaol, ar bhonneagar, ar shláinte agus sábháilteacht an duine, agus ar an tsochaí. Agus scéimeanna den sórt sin á mbunú, ba cheart úsáid a bhaint as ardchórais chliste iompair, amhail cumarsáid ó fheithicil go bonneagar, cumarsáid ó fheithicil go líonra, comhroinnt sonraí fíor-ama agus cianfhaireachán, chun trácht sábháilte rianúil feithiclí tromshaothair a áirithiú agus níor cheart srianta tráchta díréireacha ná idirdhealaitheacha a bheith mar thoradh orthu.

(19) Chun fás an chórais iompair ilmhódaigh a chur chun cinn, ba cheart iompar coimeádánaithe a éascú a thuilleadh trí airde bhreise a cheadú d'fheithiclí bóthair a iompraíonn coimeádáin d'ardtoilleadh.

(20) Ba cheart Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta faoi thorthaí na seiceálacha ar chomhlíonadh arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát, maidir le cur in úsáid agus úsáid uirlisí forfheidhmiúcháin agus córas faireacháin, go háirithe i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar na tionchair

oibríochtúla, sábháilteachta agus chomhshaoil a bhaineann le húsáid feithiclí níos troime agus/nó níos faide, lena n-áirítear cónaisc mhodúlacha feithiclí. Ba cheart go gcuirfeadh an fhaisnéis sin, arna soláthar ag na Ballstáit, ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh agus ar chomhlíonadh Threoir 96/53/CE. Chun gur fusa do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus chun aonfhoirmeacht agus inchomparáideacht sonraí a áirithiú, lena gcumasófar faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán Threoir 96/53/CE, is inmhianaithe go mbunódh an Coimisiún formáid tuairiscithe soláimhsithe aonfhoirmeach.

(21) Chun gur féidir leis an earnáil iompair de bhóthar freagairt thapa a thabhairt ar aon ghéarchéim, amhail tubaistí nádúrtha, paindéimí, coinbhleachtaí míleata nó clistí sa bhonneagar, is gá clásal éigeandála a thabhairt isteach i dTreoir 96/53/CE, lena gcumasaítear cúrsaíocht shealadach feithiclí tromshaothair ar mó iad ná na meáchain agus/nó na toisí ceadaithe uasta, chun soláthar leanúnach na n-earraí agus na seirbhísí riachtanacha a áirithiú. Níor cheart clásal eisceachtúil den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin nuair is gá sin ar mhaithe ar leas an phobail, agus ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin.

(22) Maidir leis na córais faireacháin atá le bunú ag na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar thionchair EMS agus trialacha, chun a áirithiú go comhlíonfaidh na córais sin na híoscheanglais chomhchuibhithe ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 96/53/CE a fhorlíonadh i ndáil leis na tacair íosta sonraí agus/nó táscairí feidhmíochta atá le soláthar ag na córais faireacháin sin a chinneadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[44]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm iarratais chaighdeánach chomhchoiteann a bhunú agus na rialacha agus na nósanna imeachta a chomhchuibhiú maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla a eisiúint d'fheithiclí nó do chónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain agus/nó na toisí uasta agus lena mbeartaítear ualaí doroinnte a iompar, chun formáid chaighdeánach tuairiscithe a bhunú do na Ballstáit ar mhaithe lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, agus chun eisceachtaí sealadacha a bhunú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta idir na Ballstáit a ndéanann géarchéim difear dóibh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i

44 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45].

(24) Agus an iliomad leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE á gcur san áireamh, ar leasuithe iad a bhaineann leis an ngá atá le dreasachtaí breise a chur ar fáil chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid, an gá atá le meáchan uasta mótarfheithiclí 5 acastóir a chomhchuibhiú agus an gá atá le hiompar idirmhódúil a chur chun cinn, is iomchuí, ar mhaithe le soiléireacht, an iarscríbhinn sin a ionadú.

(25) Chun an fhaisnéis a iarrtar faoi Threoir 96/53/CE a chur le raon feidhme Rialachán (AE) 2020/1056, is gá an Rialachán sin a leasú.

(26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, is iad sin sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú, oibríochtaí iompair inbhuanaithe agus éifeachtúla a chothú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn, ach, de bharr chineál trasteorann an iompair de bhóthar agus na bhfadhbanna a mbeartaítear aghaidh a thabhairt orthu leis an Treoir seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(27) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[46], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(28) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 96/53/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 96/53/CE*

Leasaítear Treoir 96/53/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) toisí mótarfheithiclí i gcatagóirí $M_2$ agus $M_3$ agus a gcuid leantóirí i gcatagóir O, agus mótarfheithiclí i gcatagóirí $N_2$ agus $N_3$ agus a gcuid leantóirí i gcatagóirí $O_3$ agus $O_4$, catagóirí a aicmítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;';

45 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

46 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Na luachanna meáchain ar fad a shonraítear in Iarscríbhinn I, is caighdeáin chúrsaíochta bhailí atá iontu agus dá bhrí sin is do choinníollacha lastála a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, a thagraíonn siad, seachas do choinníollacha táirgeachta.';

_______

* Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

** Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) sa dara fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar 'leantóir':

'— ciallóidh 'leantóir' feithicil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Rialachán (AE) 2018/858,';

(b) sa tríú fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar 'leathleantóir':

'— ciallóidh 'leathleantóir' feithicil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(33) de Rialachán (AE) 2018/858,';

(c) cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach i ndiaidh an tsainmhínithe ar 'cónasc feithiclí':

'— ciallóidh'Córas Modúlach Eorpach' mótarfheithicil nó cónasc feithiclí atá cúpláilte le leantóir nó leath-leantóir amháin nó níos mó i gcás inar faide an cónasc iomlán ná an t-uasfhad údaraithe agus ina bhféadfaidh gur mó é ná na meáchain údaraithe uasta a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus i gcás nach mó an mhótarfheithicil aonair, an leantóir/na leantóirí aonair agus an leathleantóir/na leathleantóirí aonair ná na meáchain ná na toisí a leagtar síos in Iarscríbhinn I,';

(d) cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach i ndiaidh an tsainmhínithe ar 'feithicil chóirithe':

'— ciallaíonn 'iompróir feithicle' cónasc feithiclí atá tógtha nó oiriúnaithe go buan chun feithicil nó feithiclí eile a iompar,';

(e) sa cheathrú fleasc déag, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar 'feithicil breosla mhalartaigh':

'— ciallóidh 'feithicil breosla mhalartaigh' mótarfheithicil a chumhachtaítear go hiomlán le breosla malartach agus a formheasadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/858,';

(f) sa chúigiú fleasc déag, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tsainmhínithe ar 'oibríocht iompair idirmhódúil', pointe (a):

'(a) na hoibríochtaí iompair chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 92/106/CEE ón gComhairle*; nó';

________

* Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).';

(g) cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach i ndiaidh an tsainmhínithe ar 'seoltóir':

'— ciallóidh 'Ardán eFTI' ardán faisnéise um iompar lastais arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*,';

________

* Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Déanfar na toisí údaraithe uasta uile a shonraítear in Iarscríbhinn I a sheiceáil i gcomparáid leis na luachanna fógartha comhfhreagracha don fheithicil shonrach sa doiciméad faisnéise a ghabhann le Cineálcheadú Feithicle Iomláine AE, arna dhréachtú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún*, gan aon lamháltas deimhneach.';

________

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).';

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe (c) seo a leanas léi:

'(c) feithiclí nó cónaisc feithiclí le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí nó paisinéirí nach bhfuil i gcomhréir leis na hairíonna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a sháraíonn na meáchain agus/nó na toisí uasta, ní fhéadfar ceadú dóibh a bheith i gcúrsaíocht ach amháin ar bhonn ceadanna speisialta a eisíonn na húdaráis inniúla, nó ar bhonn socruithe comhchosúla a chomhaontaítear de réir an cháis leis na húdaráis sin, i gcás ina n-iompróidh na

feithiclí nó na cónaisc feithiclí sin ualaí doroinnte nó ina mbeidh siad in ainm is ualaí doroinnte a iompar.

Maidir leis an nós imeachta i dtaca le ceadanna nó socruithe comhchosúla a fháil chun ualaí doroinnte a iompar, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé rianúil, éifeachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, trí ualaí riaracháin a íoslaghdú agus moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint.

Maidir leis na coinníollacha faoina n-eiseofar na ceadanna nó na socruithe comhchosúla a bhaineann le hiompar ualaí doroinnte, ráthóidh na Ballstáit go mbeidh siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun an iliomad marcanna agus comharthaíochta feithicle a sheachaint, agus chun tús áite a thabhairt d'úsáid picteagram in ionad théacs. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit ceanglais teanga a bhaineann le hiompar ualaí doroinnte.

4. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompair agus lena ndéantar oibríochtaí iompair náisiúnta áirithe nach ndéanann difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair, agus ar feithiclí nó cónaisc iad lena ngabhann toisí a imíonn ó na toisí sin a leagtar síos i bpointí 1.1, 1.2, 1.4 go 1.8, 4.2 agus 4.4 d'Iarscríbhinn I, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na feithiclí agus na cónaisc sin a bheith i gcúrsaíocht ar a gcríoch.

Measfar nach ndéanann oibríochtaí iompair difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) na cúinsí atá i gceist agus na hoibríochtaí iompair á ndéanamh ar chríoch Ballstáit ag sainfheithiclí nó ag sainchónaisc feithiclí, ní cúinsí iad ina mbíonn na hoibríochtaí céanna á ndéanamh ag feithiclí ó Bhallstáit eile de ghnáth, e.g. oibríochtaí a bhaineann leis an lománaíocht agus leis an tionscal foraoiseachta;

(b) feithiclí nó cónaisc feithiclí lena ngabhann toisí a imíonn ó na toisí a leagtar síos in Iarscríbhinn I, an Ballstát a cheadaíonn go ndéanfaí oibríochtaí iompair ar a chríoch le feithiclí nó cónaisc dá leithéid, ceadaíonn sé freisin cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach de bhun mhír 4a, ionas go mbainfear amach an fad lastála atá údaraithe sa Bhallstát sin ar a laghad, agus dá bhrí sin go mbeidh comhchoinníollacha iomaíochta ann le haghaidh gach oibreora.

(c) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Féadfaidh na Ballstáit cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha a cheadú i dtrácht náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi réir na gcoinníollacha uile a leanas:

(a) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis na meáchain agus na toisí uasta is infheidhme maidir le cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha;

(b) cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, an fhaisnéis a bhaineann leis an gcuid sin den ghréasán bóithre ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh;

(c) áiritheoidh na Ballstáit nascacht na coda sin den ghréasán ar ar féidir le Córais Mhodúlacha Eorpacha cúrsaíocht a dhéanamh ar a gcríocha le gréasán bóithre na

mBallstát comharsanachta a cheadaíonn cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach freisin, chun trácht trasteorann a chumasú;

(d) socróidh na Ballstáit córas faireacháin agus déanfaidh siad measúnú ar thionchar na gCóras Modúlach Eorpach ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar bóithre, ar chomhar módach, agus ar thionchair chomhshaoil na gCóras Modúlach Eorpach ar an gcóras iompair, lena n-áirítear na tionchair ar an gcion módach.

Aon uair a cheadóidh Ballstát, de bhun na míre seo, cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach sa trácht náisiúnta, ní fhéadfaidh sé cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach sa trácht idirnáisiúnta a dhiúltú ná a thoirmeasc ar a chríoch, ar choinníoll nach sáraíonn na córais sin na meáchain agus na toisí uasta a shocraítear do na Córais Mhodúlacha Eorpacha sa trácht náisiúnta.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gceadaíonn siad cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach ar a gcríocha.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Féadfaidh na Ballstáit trialacha ar fheithiclí nó ar chónaisc feithiclí a cheadú ar feadh tréimhse theoranta ama, trialacha ina n-ionchorpraítear teicneolaíochtaí nua nó coincheapa nua nach féidir leo ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh. Ceadófar d'fheithiclí nó do chónaisc feithiclí den sórt sin oibríochtaí iompair náisiúnta nó idirnáisiúnta áirithe a dhéanamh don tréimhse thrialach. Go háirithe, ceadófar trialacha le Córais Mhodúlacha Eorpacha ar feadh uastréimhse 5 bliana. Ní bheidh teorainn le líon na dtrialacha. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

Socróidh na Ballstáit córas faireacháin agus déanfaidh siad measúnú ar thionchar na dtrialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an mbonneagar bóithre agus ar chomhar módach, chomh maith leis na tionchair chomhshaoil ar an gcóras iompair, lena n-áirítear na tionchair ar an gcion módach.';

(e) cuirtear an mhír 5a seo a leanas isteach:

'5a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na tacair íosta sonraí agus na táscairí feidhmíochta atá le soláthar ag na córais faireacháin arna mbunú ag na Ballstáit dá dtagraítear i mír 4a, pointe (d) agus mír 5 den Airteagal seo a chinneadh.';

(f) scriostar mír 7;

(4) cuirtear isteach na hAirteagail 4a agus 4b seo a leanas:

'*Airteagal 4a*

1. Déanfaidh na Ballstáit córas leictreonach faisnéise agus cumarsáide a bhunú agus a bhainistiú ag a mbeidh na feidhmeanna 'ionaid ilfhreastail' seo a leanas ar a laghad:

(a) pointe iontrála náisiúnta aonair trína gcuirfidh an t-iarratasóir isteach a iarratas ar an gcead speisialta nó ar shocrú comhchosúil mar a leagtar síos in Airteagal 4(3) i bhformáid chaighdeánaithe;

(b) pointe rochtana náisiúnta aonair le haghaidh na n-iarratasóirí chun an fhaisnéis a fháil maidir leis na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar cheadanna speisialta nó ar

shocruithe comhchosúla a leagtar síos in Airteagal 4(3) agus maidir leis an bhfaisnéis is gá chun a mbealaí a phleanáil ar bhealach soiléir, inrochtana agus trédhearcach;

(c) pointe rochtana náisiúnta aonair le haghaidh oibreoirí na gCóras Modúlach Eorpach ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(4a), pointí (a) agus (b), i gcás inarb ábhartha.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar foirm iarratais chaighdeánach choiteann agus lena gcomhchuibheofar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le ceadanna náisiúnta nó socruithe comhchosúla dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 4(3) a eisiúint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10i(2).

'*Airteagal 4b*

1. Aon uair a cheadóidh Ballstát, de bhun Airteagal 4(2), pointe (a), cúrsaíocht cónasc feithiclí laistigh dá chríoch ar mó a meáchan uasta ná na teorainneacha a leagtar amach i bpointí 2.2.1 nó 2.2.2 d'Iarscríbhinn I, ní fhéadfaidh sé úsáid na gcónasc feithiclí sin sa trácht idirnáisiúnta a dhiúltú ná a thoirmeasc ar a chríoch, ar chónaisc iad a chomhlíonann na luachanna meáchain a shocraítear d'iompar náisiúnta earraí, ar choinníoll nach mó ná 44 thona meáchan údaraithe uasta na gcónasc feithiclí sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar an teorainn mheáchain 44 thona a leagtar amach i mír 1 a shárú i gcás ina gceadaíonn an Ballstát luachanna meáchain níos airde do na cónaisc feithiclí sin nuair a bhíonn baint acu le hoibríocht iompair idirmhódúil.

3. I bhfianaise an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha, beidh feidhm ag an Airteagal seo go dtí an 31 Nollaig 2034.';

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'1. Na feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus a chomhlíonann an Treoir seo, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ceann de na cruthúnais seo a leanas ar iompar acu:

(a) cónasc den dá phláta seo a leanas:

- (i) 'pláta reachtúil an mhonaróra', é bunaithe agus ceangailte i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún*,
- (ii) an pláta a bhaineann le toisí, i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo, agus an pláta sin bunaithe agus ceangailte i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535;

(b) pláta aonair atá bunaithe agus ceangailte i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535, agus ar a bhfuil an fhaisnéis faoin dá phláta dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo;

(c) doiciméad aonair a d'eisigh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an fheithicil cláraithe nó ina bhfuil sí curtha i gcúrsaíocht. Is iad na ceannteidil chéanna agus an fhaisnéis chéanna a bheidh ar an doiciméad sin agus a bheidh ar na plátaí dá dtagraítear i bpointe (a). Déanfar an doiciméad sin a choinneáil in áit a mbeidh rochtain éasca air chun iniúchadh a dhéanamh air agus déanfar é a chosaint go leordhóthanach.';

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n- aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Sa cholún láir den chruthúnas ar chomhlíonadh a bhaineann le meáchain, i gcás inarb iomchuí, beidh caighdeáin an Aontais maidir le meáchain is infheidhme maidir leis an bhfeithicil atá i gceist.;

(c) cuirtear an mhír 7 seo a leanas isteach:

'7. Chun go gcáileoidh oibríocht iompair mar oibríocht iompair idirmhódúil chun críoch na treorach seo, áiritheoidh an seoltóir nó, murab ionann é agus an seoltóir, an gnóthas a eagraíonn an oibríocht iompair idirmhódúil, go ndéanfar na doiciméid dá dtagraítear faoi Airteagail 3 agus 7 de Threoir 92/106/CE, de réir mar is iomchuí, a thaifeadadh agus a chur ar fáil ar ardán eFTI i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056. Beidh rochtain ag údaráis inniúla ar fhaisnéis den sórt sin, ar an ardán eFTI céanna inar taifeadadh an fhaisnéis iompair, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056.'

(6) leasaítear Airteagal 8b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. D'fhonn a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, feithiclí nó cónaisc feithiclí ar ar feistíodh gairis aeraidinimiciúla a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 agus a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/858, féadfaidh na feithiclí agus na cónaisc sin na faid uasta dá bhforáiltear i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a shárú ionas go mbeifear in ann gairis mar sin a chur ar chúl feithiclí nó cónasc feithiclí. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí ar ar feistíodh na gairis sin pointe 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus ní thiocfaidh méadú ar fhad lastála na bhfeithiclí sin ná ar fhad lastála na gcónasc feithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta.

2. Sula gcuirfear na gairis aeraidinimiciúla dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh, déanfar iad a chineálcheadú i gcomhréir leis na rialacha maidir le cineálcheadú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/858 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535.';

(b) scriostar mír 5;

(7) cuirtear isteach an Airteagal 8c seo a leanas:

'*Airteagal 8c*

Féadfaidh iompróirí feithiclí a bhfuil cabhlacha oscailte acu na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a shárú agus iad lastáilte, suas le 20,75 méadar san iomlán, agus úsáid á baint as tacaí ualaithe údaraithe.

Ní féidir le starradh nó taca ualaithe na n-iompróirí feithiclí gobadh amach i ndáil leis an ualach. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 0,5 méadar ar a mhéad os comhair na feithicle tarraingthe, ar choinníoll go luíonn céad acastóir na feithicle iompair ar struchtúr an leantóra. Féadfaidh an t-ualach gobadh amach suas le 1,5 méadar ar a mhéad ar chúl na feithicle, ar choinníoll go luíonn acastóir deiridh na feithicle iompair ar struchtúr an leantóra.';

(8) leasaítear Airteagal 9a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/858, féadfaidh siad na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a shárú ar choinníoll go mbeidh feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr ag baint lena gcábáin. Féadfar aon bhreis faid sna faid uasta a cheadaítear faoin Airteagal seo a úsáid freisin chun teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a shuiteáil. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí ar ar feistíodh na cábáin sin pointe 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoir seo agus ní thiocfaidh méadú ar phá-lasta na bhfeithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta.

2. Sula gcuirfear na feithiclí dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh, déanfar iad a cheadú i gcomhréir leis na rialacha maidir le cineálcheadú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/858 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535.';

(b) scriostar mír 3;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10b:

'*Airteagal 10b*

1. Is iad meáchain agus meáchain acastóra údaraithe uasta na bhfeithiclí breosla mhalartaigh nó na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha iad sin a leagtar amach i bpointí 2.2., 2.3, 2.4, 3.4.2 agus 3.4.3 d'Iarscríbhinn I.

Is ar bhonn na doiciméadachta arna soláthar ag an monaróir tráth a fhormheasfar an fheithicil lena mbaineann a shaineofar an meáchan breise a bhfuil gá leis ag feithiclí breosla mhalartaigh seachas feithiclí astaíochtaí nialasacha. Léireofar an meáchan breise sin sa chruthúnas oifigiúil atá ag teastáil i gcomhréir le hAirteagal 6.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10h chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an liosta de bhreoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhfuil gá le meáchan breise acu a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go leanfaidh an Coimisiún dá ghnáthchleachtas agus go rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ó na Ballstáit, sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin.

2. Na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha nó cónaisc feithiclí lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, féadfar iad a shárú leis an bhfad breise is gá chun freastal ar an

teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha, le huasmhéid 90 cm, chun gur féidir gairis den sórt sin a chur leo. Comhlíonfaidh feithiclí nó cónaisc feithiclí astaíochtaí nialasacha den sórt sin pointí 1.5 agus 1.5a d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus ní thiocfaidh méadú ar fhad lastála na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí sin mar thoradh ar aon sárú ar na faid uasta, chun comhoiriúnacht leantóirí agus leathleantóirí leis na ceanglais le haghaidh oibríochtaí iompair idirmhódúla a áirithiú.

Is ar bhonn na doiciméadachta arna soláthar ag an monaróir tráth a fhormheasfar an fheithicil lena mbaineann a shaineofar an fad breise a bhfuil gá leis ag feithiclí astaíochtaí nialasacha. Léireofar an fad breise sin sa chruthúnas oifigiúil atá ag teastáil i gcomhréir le hAirteagal 6.'.

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10c:

(11) 'Airteagal 10c

(12) Na faid uasta a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I, faid atá faoi réir Airteagal 9a(1) agus Airteagal 10b(2), nuair is infheidhme, agus an t-achar uasta a leagtar síos i bpointe 1.6 d'Iarscríbhinn I, féadfar sárú 15 cm a dhéanamh orthu i gcás feithiclí nó cónaisc feithiclí a bhíonn ag gabháil d'iompar coimeádán 45 troithe nó cabhlach soghluaiste 45 troithe, bídís folamh nó lastáilte, ar choinníoll gur cuid d'oibríocht iompair idirmhódúil é iompar de bhóthar an choimeádáin nó an chabhlaigh shoghluaiste atá i gceist.';

(13) leasaítear Airteagal 10d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Feithiclí nó cónaisc feithiclí atá i gcúrsaíocht ar dócha go bhfuil an meáchan údaraithe uasta sáraithe acu agus ba cheart dá bhrí sin d'údaráis inniúla na mBallstát iad a sheiceáil chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit bearta sonracha chun na feithiclí nó na cónaisc feithiclí sin a shainaithint. Féadfar na bearta sin a dhéanamh le cúnamh córas uathoibríoch a shocrófaí ar an mbonneagar bóithre, nó trí bhíthin trealamh meáite ar bord a shuiteálfaí ar fheithiclí i gcomhréir le mír 4.

I gcás ina roghnóidh Ballstát córais uathoibríocha a chur ar bun ar an mbonneagar bóithre, áiritheoidh sé ar a laghad go n-úsáidfear na córais sin ar an ngréasán tras-Eorpach iompair de bhóthar a leagtar amach i Rialachán (AE) 1315/2013*.

Ní cheanglóidh Ballstát trealamh meáite ar bord a shuiteáil ar fheithiclí ná ar chónaisc feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile.

Gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta, i gcás ina n-úsáidfear córais uathoibríocha chun a shuí gur sáraíodh an Treoir seo agus chun pionóis a fhorchur, deimhneofar na córais uathoibríocha sin. I gcás nach n-úsáidfear córais uathoibríocha ach chun críoch aitheantais, ní gá iad a dheimhniú.

2. Gach bliain féilire, déanfaidh gach Ballstát sé sheiceáil ar a laghad in aghaidh an mhilliúin ciliméadar feithicle arna dtaisteal ag feithiclí nó cónaisc feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar ar a chríoch agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo ar mheáchain na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí sin, gan beann ar thír chlárúcháin na bhfeithiclí sin nó ar an tír inar cuireadh na feithiclí sin i gcúrsaíocht. Áireofar sna seiceálacha comhlíontachta líon iomchuí seiceálacha a dhéanfar san oíche.';

________

* Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

(b) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

(c) ‘5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos forálacha mionsonraithe lena n-áiritheofar coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh chur chun feidhme na rialacha maidir le hidir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht a leagtar amach i mír 4.’;

(14) cuirtear isteach an Airteagal 10da seo a leanas:

‘*Airteagal 10da*

1. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna Beartais Rochtana Cliste (IAP) a chur chun feidhme laistigh dá gcríocha chun rochtain na bhfeithiclí tromshaothair ar bhóithre nó ar limistéir shonracha a rialáil, faireachán a dhéanamh uirthi agus an rochtain sin a éascú.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘beartas rochtana cliste’ creat teicniúil agus feidhmiúil chun an rochtain atá ag feithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre a bhainistiú, trí theileamaitic a úsáid, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme maidir le meáchain agus toisí.

2. Nuair a chuirfidh Ballstát IAP chun feidhme de bhun mhír 1, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh a scéimeanna IAP Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí a bhaineann leis an scéim IAP agus a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/40/AE, lena n-áirítear srianta ar mheáchan, ar fhad, ar leithead nó ar airde, ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín agus go mbeidh rochtain orthu trí na Pointí Rochtana Náisiúnta a bhunaítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670**.

3. Nuair a chuirfidh Ballstát scéimeanna IAP chun feidhme de bhun mhír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) na critéir maidir le rochtain a dheonú d’fheithiclí tromshaothair a shainiú, lena n-áirítear meáchan feithiclí, fad feithiclí, sonraíochtaí teicniúla agus comhlíonadh caighdeán sábháilteachta sonrach, ach gan a bheith teoranta dóibh;
(b) tús áite a thabhairt d’úsáid ardchóras cliste iompair chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun brú tráchta a laghdú in oibríochtaí iompair de bhóthar a ndéanann scéimeanna IAP difear dóibh;
(c) córas cuimsitheach faisnéise agus cumarsáide a bhunú chun oibreoirí feithiclí tromshaothair a chur ar an eolas faoi cheanglais na scéime IAP, nósanna imeachta iarratais, agus aon nuashonrú nó athrú ar an scéim;

4. Ní bheidh bunú scéimeanna IAP ag Ballstát ina chúis le srianta idirdhealaitheacha nó díréireacha ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus ní chuirfidh sé bac míchuí ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

________

* Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir leis an gcreat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar (IO L 122, 25.4.2022, lch. 1).';

(15) in Airteagal 10f(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) lena gceanglaítear ar an seoltóir ráiteas a thabhairt don tarlóir a gcuirfidh sé iompar coimeádáin nó cabhlaigh shogluaiste de chúram air, ar ráiteas é ina sonrófar meáchan agus airde an choimeádáin nó an chabhlaigh shogluaiste a bheidh ar iompar; agus';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10g:

'*Airteagal 10g*

1. Gach 2 bhliain, agus faoin 30 Meán Fómhair den bhliain a bheidh ann tar éis dheireadh na tréimhse 2 bhliain lena mbaineann ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chuig an gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(a) líon na seiceálacha a rinneadh le linn an 2 bhliain féilire roimhe sin;
(b) líon na bhfeithiclí nó na gcónasc feithiclí ró-ualaithe a braitheadh;
(c) líon agus suíomh na gcóras uathoibríoch arna mbunú ar an mbonneagar bóithre de bhun Airteagal 10d(1), agus cibé acu chun críoch aitheantais amháin nó deimhnithe le haghaidh forfheidhmiú díreach atá siad;
(d) cur chun feidhme agus éifeachtacht scéimeanna IAP arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 10da;
(e) líon na gceadanna náisiúnta arna n-eisiúint d'iompar neamhghnách de bhun Airteagal 4(3) agus fad na gceadanna sin (ceadanna aonuaire nó ceadanna fadtéarmacha);
(f) torthaí na measúnuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 4(4a), pointe (d), agus Airteagal 4(5).

Déanfar an fhaisnéis sin a imdhealú in aghaidh na bliana.

2. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1, agus ar bhonn na faisnéise a fhaightear, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, tráth nach déanaí ná 13 mhí tar éis dó an fhaisnéis a fháil ó na Ballstáit uile. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí atá i gceist.

3. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, foirm chaighdeánach tuairiscithe i bhformáid leictreonach a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10i(2).';

(17) in Airteagal 10h, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(5a) agus Airteagal 10b(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó

[*Oifig na bhFoilseachán: cur isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(18) in Airteagal 10i, cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

'4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) 182/2011.;

(19) scriostar Airteagal 10j;

(20) cuirtear isteach an Airteagal 10k seo a leanas:

'*Airteagal 10k*

I gcás géarchéime, nuair is gá sin ar mhaithe le leas an phobail, agus ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá bharr sin, féadfaidh na Ballstáit eisceachtaí sealadacha a dheonú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh feithiclí a úsáidtear sa trácht náisiúnta, ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí.

Beidh réasúnú cuí le haon eisceacht den sórt sin agus tabharfar fógra láithreach ina leith don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an eisceacht a deonaíodh láithreach ar a shuíomh gréasáin oifigiúil.

I gcás ina ndéanfaidh géarchéim difear do roinnt Ballstát, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun eisceachtaí sealadacha a bhunú ó chur i bhfeidhm na dteorainneacha meáchain agus toisí a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gcás feithiclí a úsáidtear sa trácht idirnáisiúnta idir na Ballstáit a ndéantar difear dóibh. Ní fhéadfaidh tréimhse na heisceachta sin a bheith níos faide ná 6 mhí, agus ní fhéadfar í a athnuachan ach amháin i gcás ina leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10i(4).

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn géarchéim teagmhas eisceachtúil, gan choinne agus tobann, nádúrtha nó de dhéantús an duine de chineál urghnách agus de scála urghnách a tharlaíonn laistigh den Aontas nó lasmuigh de, ag a bhfuil tionchair mhóra dhíreacha nó indíreacha ar réimse an iompair de bhóthar nó ar an ngeilleagar nó ar leas shaoránaigh an Aontais, i gcás ina gcuirtear isteach go mór ar ghnáthfheidhmiú na sochaí, agus i gcás inar gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh ar mhaithe ar leas an phobail.';

(21) cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I;

(22) in Iarscríbhinn III, cuirtear na focail 'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún' in ionad na bhfocal 'Treoir 76/114/CEE'.

*Airteagal 2*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2020/1056*

In Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2020/1056, cuirtear an pointe (vi) seo a leanas isteach:

'(vi) Airteagal 6(7) de Threoir 96/53/CE ón gComhairle*;'

________

* Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

*Airteagal 3*
*Trasuí*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [dáta glactha+2 bhliain] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí chun an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*
*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí ath-imlonnú a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/EC ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Soghluaisteacht agus Iompar

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☑ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[47]

**☐ síneadh le beart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is iad cuspóirí ginearálta an tionscnaimh seo feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil oibríochtaí iompair de bhóthar i gcomhthéacs níos leithne uaillmhian mhéadaithe chomhshaoil agus aeráide an Aontais faoi 2030 agus neodracht aeráide an Aontais faoi 2050 agus saorghluaiseacht earraí agus iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach iompair de bhóthar a áirithiú.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach</u>

Baineann trí ghné le cuspóirí sonracha an tionscnaimh seo:

1. Deireadh a chur le bacainní ar ghlacadh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha (HDVanna) agus gairis coigilte fuinnimh, agus iompar idirmhódúil a dhreasú.

2. Na rialacha maidir le meáchain agus toisí uasta i ndáil le HDVanna in oibríochtaí trasteorann a chomhchuibhiú.

3. Forfheidhmiú rialacha trasteorann a fheabhsú, lena n-áirítear forfheidhmiú chun críoch sábháilteachta ar bhóithre.

Ní mór na cuspóirí sin a bhaint amach agus an chothromaíocht idir na ceanglais maidir le cothabháil bonneagair, sábháilteacht ar bhóithre agus laghdú na ngás ceaptha teasa (GCT) agus astaíochtaí truailleán ón gcóras iompair a chosaint ag an am céanna.

#### *1.4.3. Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

---

[47] Mar a thagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Trí dhreasachtaí láidre a chur ar fáil d'oibreoirí iompair de bhóthar, ó thaobh pá-lasta breise le haghaidh HDVanna astaíochtaí nialasacha agus le haghaidh gach cineál feithicle a bhfuil baint acu le hoibríochtaí idirmhódúla, cuirfidh an togra dlús le glacadh HDVanna astaíochtaí nialasacha agus cuirfidh sé fás an iompair idirmhódúil chun cinn. Ar an gcaoi sin, tiocfaidh méadú ar sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít iomlán HDVanna agus tiocfaidh méadú freisin ar ghníomhaíocht iompair HDVanna astaíochtaí nialasacha, sciar a shroichfidh thart ar 90 % de na tonaí-ciliméadair iomlán arna ndéanamh ag HDVanna astaíochtaí nialasacha faoi 2050. Leis an togra déanfar an t-aistriú ó iompar de bhóthar amháin go hiompar idirmhódúil, iompar a mheastar a bheith thart ar 21 bhilliún tona-ciliméadar in 2030 agus 26 bhilliún tona-ciliméadar in 2050, i gcoibhneas leis an mbonnlíne.

Trí na rialacha is infheidhme maidir le húsáid feithiclí níos faide/níos troime in oibríochtaí trasteorann a chomhchuibhiú agus trí nósanna imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadanna i gcás inar gá a chuíchóiriú, laghdóidh an togra an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus feabhsófar éifeachtúlacht fuinnimh agus oibríochtúil na n-oibríochtaí arna ndéanamh ag na feithiclí sin. Is éard a mheastar a bheith i nglanchoigilteas costais le haghaidh oibreoirí EUR 45 bhilliún, arna shloinneadh mar luach reatha i gcaitheamh na tréimhse 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbonnlíne.

Trí fheabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an bhforfheidhmiú, cuirfidh an togra cosc ar fheithiclí tromshaothair rólódáilte agus HDVanna neamhchomhlíontacha eile gluaiseacht ar bhóithre an Aontais, rud a chuirfidh deireadh leis na rioscaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann leis na feithiclí sin agus deireadh le saobhadh ar an iomaíocht.

Leis an togra, go carnach le linn na tréimhse 2025-2050, tiocfaidh laghdú 27.8 milliún tona ar astaíochtaí $CO_2$ (1.2 % d'astaíochtaí CO2 ó iompar lastais). Meastar go dtiocfaidh laghdú EUR 3.5 billiún ar na costais sheachtracha a bhaineann le hastaíochtaí CO2, arna sloinneadh mar an luach reatha le linn na tréimhse 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbunlíne.

Meastar go mbeidh laghdú thart ar EUR 0.9 billiún ar chostais sheachtracha na mbásanna mar thoradh ar an togra mar gheall ar 411 beatha a bheith sábháilte, go carnach le linn na tréimhse 2025-2050, i gcoibhneas leis an mbonnlíne.

### *1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchair iarbhír na Treorach trí ghníomhaíochtaí éagsúla agus trí shraith táscairí a chuirfidh ar a chumas dul chun cinn a thomhas maidir le cuspóirí sonracha agus oibríochtúla a bhaint amach.

Déanfar an dul chun cinn maidir le deireadh a chur le bacainní ar an margadh inmheánach a thomhas de réir líon na gceanglas náisiúnta a gcuirfear deireadh leo agus trí fhaireachán a dhéanamh ar na laghduithe ar chostais riaracháin agus oibríochtúla a bhaineann le nósanna imeachta údaraithe cuíchóirithe agus oibríochtaí trasteorann éascaithe. Baileofar an fhaisnéis ábhartha ó na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachais tarlóirí, eagraíochtaí iompair lóid neamhghnácha, agus staitisticí ó údaráis inniúla náisiúnta.

Déanfar measúnú ar an rath maidir le borradh a chur faoi ghlacadh HDVanna astaíochtaí nialasacha agus gairis coigilte fuinnimh agus beidh an measúnú sin bunaithe ar an méadú a thiocfaidh ar líon na HDVanna astaíochtaí nialasacha a chláraítear, ar mhéideanna díolacháin, agus ar a sciar den fhlít fhoriomlán HDVanna, agus ar líon méadaithe HDVanna a dhíoltar le gléasanna coigilte fuinnimh suiteáilte iontu. Baileofar an fhaisnéis ábhartha ó staitisticí ó na Ballstáit, ó mhonaróirí mótarfheithiclí agus ó chomhlachais tarlóirí.

Déanfar faireachán ar an dul chun cinn maidir le hoibríochtaí idirmhódúla trí anailís a dhéanamh ar an méadú ar mhéid na n-oibríochtaí idirmhódúla, ar an méadú ar líon na dtarlóirí a bhfuil baint acu le hoibríochtaí idirmhódúla agus ar an méadú ar mhéid iompair coimeádán d'ardtoilleadh. Baileofar an fhaisnéis ó na heagraíochtaí earnála, ó staidreamh oifigiúil maidir le méid na n-oibríochtaí de réir an mhodha iompair agus le hathruithe ar chionta módacha maidir le hiompair lasta. Féadfar na sonraí ábhartha a bhailiú freisin ó ardáin eFTI, ar a bhfuil faisnéis maidir le hiompar lasta.

Ar deireadh, déanfar measúnú ar na feabhsuithe ar éifeachtúlacht an fhorfheidhmiúcháin trí mheastóireacht a dhéanamh ar na bearta forfheidhmiúcháin. Na sonraí maidir le líon na gcigireachtaí, na sáruithe a braitheadh, an cóimheas braite, na pionóis a forchuireadh, agus na rátaí comhlíontachta chomh maith le líon agus cineálacha na gcóras WIM a suiteáladh, bhaileofaí na sonraí sin ó na húdaráis náisiúnta, go háirithe ó ghníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin. Féadfaidh páirtithe leasmhara léargas a chur ar fáil ar chomhsheasmhacht agus ar éifeachtacht na gcleachtas forfheidhmiúcháin freisin.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an Treoir atá beartaithe i bhfeidhm in 2025.

I measc na mbeart comhchuibhiúcháin agus faireacháin, beartaítear leis an méid seo a leanas: (i) íoscheanglais riaracháin agus sábháilteachta a leagan síos maidir le hualaí doroinnte a iompar agus (ii) prionsabail choiteanna a leagan síos maidir le beartais rochtana cliste a chur chun feidhme go deonach. Beidh réamhghníomhaíochtaí i gceist leis an dá ghníomhaíocht sin agus déanfar iad le linn na tréimhse 2025-2027. Is éard a bheidh i gceist le gach gníomhaíocht staidéar seachtrach a chur ar conradh agus ceardlanna a eagrú leis na saineolaithe sa réimse. Beidh gá le cistiú le haghaidh an dá staidéar agus le haghaidh an cheathair cheardlann le saineolaithe le linn na dtréimhse 2025-2027.

### *1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Leis an meastóireacht *ex-post* ar an Treoir deimhníodh an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais maidir le comhchaighdeáin a bhunú le haghaidh HDVanna a bhíonn ag taisteal ar bhóithre an Aontais. Mar sin féin, tá easnaimh sa Treoir, lena

n-áirítear bealaí éalaithe dlíthiúla agus caighdeáin as dáta, agus cuireann na heasnaimh sin bac ar úsáid fhorleathan teicneolaíochtaí dícharbonúcháin agus ar fheabhsuithe ar éifeachtúlacht oibríochtúil iompair trasteorann. Mar thoradh ar easpa gníomhaíochta comhordaithe an Aontais, bheadh tuilleadh ilroinnte sa mhargadh, saobhadh iomaíoch agus cleachtais rialaithe idirdhealaitheacha. Lagódh sé sin go léir na dreasachtaí chun feithiclí astaíochtaí nialasacha agus teicneolaíochtaí atá fuinneamhéifeachtúil a chur in úsáid. Ní leor tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal áitiúil ná ar leibhéal na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá ann ar fud an Aontais agus ar na cúiseanna atá leo ná chun rannchuidiú go fóinteach le spriocanna dícharbonúcháin a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun soiléireacht dhlíthiúil a thabhairt maidir leis na rialacha is infheidhme i ndáil le hoibríochtaí trasteorann arna ndéanamh ag feithiclí níos faide/níos troime, chun dreasachtaí níos láidre a chruthú chun HDVanna astaíochtaí nialasacha a ghlacadh agus chun an t-iompar idirmhódúil a fhás chomh maith le forfheidhmiú trasteorann níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí na rialacha atá i bhfeidhm a áirithiú.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

An Treoir bhunaidh a glacadh in 1996, rinneadh í a leasú ina dhiaidh sin in 2002 le Treoir 2002/7/CE, agus in 2015 le Treoir (AE) 2015/719. Le hathbhreithniú 2002 rinneadh toisí údaraithe uasta busanna sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhchuibhiú, chun iompar rianúil paisinéirí de bhóthar laistigh den Aontas a chumasú. Le hathbhreithniú 2015 rinneadh foráil maidir le maoluithe áirithe ar mheáchain agus toisí údaraithe uasta le haghaidh feithiclí agus cónaisc feithiclí, ar mhaithe le glacadh gléasraí cumhachta breosla mhalartaigh a spreagadh, aeraidinimic feithiclí a fheabhsú agus idir-inoibritheacht le modhanna eile iompair a áirithiú. Ba éard a bhí i bpríomhchuspóirí tiomána na maoluithe sin an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus feabhas a chur ar chompord an tiománaí in iompar tráchtála (lasta).

Mar sin féin, in 2022 rinne meastóireacht ar an Treoir atá ann faoi láthair agus fuarthas amach cé go bhfuil sí éifeachtach ó thaobh an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, an bonneagar bóthair a chosaint agus úsáid feithiclí bóthair in iompar idirmhódúil coimeádánaithe a éascú, ní leor í chun hiomaíocht chóir a áirithiú ná úsáid teicneolaíochtaí agus gairis astaíochtaí nialasacha agus coigilte fuinnimh a spreagadh.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nár leor na dreasachtaí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh oibríochtaí iompair de bhóthar agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus nár léiríodh leo na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le teicneolaíochtaí nua astaíochtaí nialasacha a úsáid, ar teicneolaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith níos troime ná teicneolaíochtaí innill dócháin agus a d'fhéadfadh níos mó spáis a ghlacadh ná iad. Mar thoradh ar na maoluithe náisiúnta lena gceadaítear feithiclí níos faide agus/nó níos troime a chur ar an mbóthar, tá éagsúlacht rialacha ann freisin, rud a chuireann bac ar thrácht rianúil trasteorann HDV san Aontas agus a fhágann go gcailltear éifeachtúlacht oibríochtúil agus fuinnimh. Mar thoradh ar an meascán sin de cheanglais AE agus náisiúnta, chomh maith le socruithe déthaobhacha, mar aon le héiginnteacht dhlíthiúil, tá forfheidhmiú neamhéifeachtach neamhréireach ann freisin, go háirithe san iompar trasteorann.

Leis na torthaí sin deimhníodh go bhfuil gá le bacainní rialála agus teicniúla a bhaint agus dreasachtaí níos láidre a chur ar fáil chun glacadh le teicneolaíochtaí astaíochtaí

nialasacha agus gairis coigilte fuinnimh san earnáil HDV; oibríochtaí idirmhódúla a éascú tuilleadh; na rialacha maidir le húsáid HDVanna níos faide agus/nó níos troime in oibríochtaí trasteorann a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú; agus an forfheidhmiú a dhéanamh éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach ar fud an Aontais.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an togra comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Beidh gá le chistiú ón Aontas chun costais oibríochtúla a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta chun comhchaighdeáin a fhorbairt ar mhaithe le hiompar neamhghnácha a cheadú agus córais maidir le scéimeanna beartais rochtana cliste a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí ath-imlonnú a dhéanamh*

Tá impleachtaí buiséadacha an togra seo an-teoranta. Is éard atá iontu gníomhaíochtaí caighdeánacha tacaíochta seachtraí anailíse agus comhairliúcháin le saineolaithe a chistiú, ar nithe iad atá riachtanach chun ceanglais theicniúla choiteanna a bhunú lena n-áiritheofar cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha is infheidhme maidir le hearnáil na HDVanna san Aontas.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[48]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) de bhun Theideal V de CAE, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí'.*

Nótaí

| |
|---|
| |

48 Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin *BUDGpedia*, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Cuirfidh AS MOVE na cúraimí chun feidhme go díreach, tar éis thimthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, lena n-áirítear torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí AS MOVE.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Déanfaidh Aonad AS MOVE um an iompar de bhóthar faireachán ar thrasuí agus ar chur chun feidhme na Treorach atá beartaithe. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an caiteachas chun feidhme, agus forálacha an Rialacháin Airgeadais agus Chinneadh C(2007)5858 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 maidir le haisíocaíocht speansas arna dtabhú ag saineolaithe seachtracha ar tugadh cuireadh chuig cruinnithe dóibh á gcur i bhfeidhm ina n-iomláine, chomh maith le haon athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacha sin. Cuirfear cistiú ar fáil trí sholáthar agus i bhfoirm aisíocaíochta speansas na saineolaithe. Sa straitéis rialaithe maidir le soláthairtí agus deontais in AS MOVE áirítear rialuithe dlíthiúla, oibríochtúla agus airgeadais sonracha *ex- ante* maidir leis na nósanna imeachta agus maidir le síniú conarthaí agus comhaontuithe. Ina theannta sin, beidh caiteachas arna dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar faoi réir rialuithe *ex-post* airgeadais freisin nuair is gá.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Meastar mar chonraitheoirí ísealriosca iad soláthraithe seirbhíse féideartha laistigh de chreatchonarthaí. Dá bhrí sin, chumhdófaí rioscaí féideartha le sásraí reatha an Rialacháin Airgeadais agus mhaolófaí iad trí shraith rialuithe inmheánacha AS MOVE (rialuithe córasacha dlí agus airgeadais *ex ante*, iniúchtaí *ex post* ar chaiteachas mar a shainmhínítear sna pleananna oibre bliantúla um iniúchadh). Maidir le haisíocaíocht chostais na saineolaithe, tugtar aghaidh ar na príomhrialuithe lena maolaítear na rioscaí bunúsacha maidir le cruinneas agus bailíocht na n-éileamh trí úsáid a bhaint as AGM, uirlis ar líne chun aisíocaíochtaí costais a bhaineann le cruinnithe le saineolaithe seachtracha a phleanáil, a eagrú agus a láimhseáil. Cuirfear rialuithe iomchuí i bhfeidhm freisin chun an riosca coinbhleachta leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

I bhfianaise raon feidhme teoranta agus méid teoranta an chistithe ón Aontas atá le cur ar fáil, agus ós rud é go meastar go bhfuil riosca íseal ag baint le faighteoirí cistí de chuid an Aontais, táthar ag súil nach mbeidh costais rialaithe a sháraíonn chostas rialuithe reatha AS MOVE mar thoradh ar an tionscnamh seo. Táthar ag súil go mbeidh an riosca earráide tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta fós faoi bhun 2 %.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Bheadh feidhm ag bearta coisctheacha agus cosanta an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas, go sonrach:<br><br>- Déanann foireann an Choimisiúin seiceáil ar íocaíochtaí le haghaidh aon seirbhís sula ndéantar íocaíocht, agus aon oibleagáid chonarthach, prionsabal eacnamaíoch agus dea- chleachtas airgeadais nó bainistíochta á cur san áireamh. Áireofar forálacha frith- chalaoise (maoirseacht, ceanglais tuairisciúcháin, etc.) sna comhaontuithe deontais agus sna conarthaí uile a thugtar i gcrích idir an Coimisiún agus faighteoirí aon íocaíocht.<br><br>- Chun an chalaois, an t-éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) arna mbunú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.<br><br>Thairis sin, coinníonn an Coimisiún straitéis láidir frithchalaoise, CAFS, ar bun, straitéis atá á hathbhreithniú faoi láthair.<br><br>Ghlac AS MOVE Straitéis Frith-Chalaoise athbhreithnithe in 2020. Tá Straitéis Frith-Chalaoise AS MOVE bunaithe ar Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh na calaoise de a shainaithint, maille leis na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta atá riachtanach chun feabhas a chur ar chumas AS MOVE an chalaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.<br><br>Áirithítear le Rialachán ACER agus leis na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí, leo sin araon, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n- áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Aighneacht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[49]. | ó thíortha de chuid CSTE[50] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[51] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 1 | 02 20 04 01 | Difreáilte | TADA | TADA | TADA | TADA |
| 7 | 20 02 06 02 | Difreáilte | TADA | TADA | TADA | TADA |

49 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

50 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

51 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |
|---|---|---|

| AS MOVE | | | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | |
| Líne bhuiséid[52] 02 20 04 01 | Gealltanais | (1a) | 0.400 | 0.400 | | **0.800** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.200 | 0.400 | 0.200 | **0.800** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[53] | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasaí maidir le AS MOVE** | Gealltanais | =1d+ 1 b + 3 | 0.400 | 0.400 | | **0.800** |
| | Íocaíochtaí | =2 a+ 2 b +3 | 0.200 | 0.400 | 0.200 | **0.800** |

52 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

53 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0.400 | 0.400 | | **0.800** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.200 | 0.400 | 0.200 | **0.800** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0.400 | 0.400 | | **0.800** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0.200 | 0.400 | 0.200 | **0.800** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2025 | 2026 | 2027 | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: MOVE | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas eile riaracháin | | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |
| **IOMLÁN AS** MOVE | Leithreasuithe | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.400 | 0.460 | 0.070 | **0.930** |
| | Íocaíochtaí | 0.200 | 0.460 | 0.270 | **0.930** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩ | Saghas[54] | Meán chostas | 2025 Líon | 2025 Costas | 2026 Líon | 2026 Costas | 2027 Líon | 2027 Costas | IOMLÁN Líon iomlán | IOMLÁN Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH[55] - Na rialacha maidir le meáchain agus toisí uasta i ndáil le HDVanna in oibríochtaí trasteorann a chomhchuibhiú. | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Tuarascáil deiridh staidéir | 0.400 | 1 | 0.400 | 1 | 0.400 | | | 2 | 0.800 |
| - Aschur | Líon na gceardlann agus na gcruinnithe de shaineolaithe | 0.0325 | | | 2 | 0.060 | 2 | 0.070 | 4 | 0.130 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | 0.4325 | | | 3 | 0.460 | 3 | 0.470 | 6 | 0.930 |
| **IOMLÁIN** | | | | | 3 | 0.460 | 3 | 0.470 | 6 | 0.930 |

54 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

55 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha…'

### *3.2.3. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe riaracháin*

☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2025 | 2026 | 2027 | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile riaracháin | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[56] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 0.060 | 0.070 | | | | | **0.130** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin cumhdófar iad le leithreasuithe ón AS a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana aici agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den AS, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don AS atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

56 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☑ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **•Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **•Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha) FTE**[57] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [58] - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [58] - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón AS a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana acu agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den AS, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don AS atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

57 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearacha i dToscaireachtaí.

58 Fo-uasteorainn maidir le foireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte 'BA').

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí ath-imlonnú laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Ní gá athchlárú mór a dhéanamh ar an tionscnamh. Tá an tionscnamh á mhaoiniú ag an líne bhuiséid tacaíochta don bheartas iompair (02.20.04.01) agus ag an líne buiséid maidir le caiteachas riaracháin (20 02 06 02). |

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[59] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe arna gcómhaoiniú | | | | | | | | |

59 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

- ☐ maidir le hacmhainní dílse
- ☐ maidir le hioncam eile

má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[60] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon trácht eile (e.g. an modh/an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

60 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.